- Bhuaigh Eadaoin Hennessy Gradam Dearaidh agus Táirge Idirghníomhaíochta (Sóisialta) do “Mamóg – Your Postpartum Recovery Buddy (Marnóg - Do Theacht Aniar Iarbhreithithe, Mo Bhoic)” ;
- Bhuaigh Jess Whelan Gradaim Dhigiteacha Aitheantais Branda agus Dearaidh le haghaidh “TaDa”, agus Gradam Clóghrafaíochta le haghaidh “Subconscious Order (Ordú Fochomhfhiosach).

Gradaim Amharcealaíne an RDS (Samhain 2021)

Bronnadh gradaim ar na céimithe BEal (Onóracha) san Ealaín na bliana 2021 seo a

leanas ag searmanas Gradam Amharcealaíne an RDS a reáchtáladh ar an 24 Samhain 2021:


- Bhuaigh Karolina Adamczak Duais Spraoi Ealaíne de chuid Comhaltaí an CRBÁC, arbh fhiú €5,000 í ;
- Ba í Lauren Conway buaiteoir Ghradaim Stiúideo Iarchéime an CRI, lenar áiríodh rochtain lánaimseartha 24 uair an chloig ar spás stiúideo ar feadh bliana sa CRI, rochtain saor in aisce ar na ranganna uile de chuid Scoil an CRI ar feadh na bliana, agus stipinn €2,500 in airgead tirim.

Gradam Fionnachtana Aer Lingus (Feabhra 2022)

Bronnadh Gradam Fionnachtana Aer Lingus ar “You Are Not My Mother (Ní Tusa Mo Mháthair)” ar Kate Dolan [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2012] ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Virgin Media a reáchtáladh ar an 27 Feabhra 2022. Ba é John Cutler a chuir an príomhscannán in eagar [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2012], agus ba é Narayan Van Maele [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na 2009] an cineamatagrafaí .

Gradaim Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (FSIBÁC) (Feabhra 2022)

Fuair Mark Lynch [2ú Bliain BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse] an Gradam don Scannán is Fearr sa Chlár First Frames (Frámaí Tosaigh) dá scannán dar teideal ‘His Car (A Ghluaisteán)’ ag searmanas bronnta FSIBÁC ar an 28 Feabhra 2022.



Josh O'Caomh & Mikai Geronimo



Jialin Long, 'Red Illuminates'

4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha do Mhic Léinn/Céimithe (ar lean)

Gradaim na Mac Léinn de chuid Chumann Ríoga na Teilifíse (Márta 2022)

Bronnadh gradaim ar mhic léinn agus ar chéimithe an IEDT seo a leanas ag searmanas bronnta Gradam na Mac Léinn de chuid Chumann Ríoga na Teilifíse ar an 22 Márta 2022:

- Bhuaigh “Fall of the Ibis King (Briseadh Rí na n-Ibisí)”, arna chruthú ag Mikai Geronimo agus Josh O’Caomh [BEal (Onóracha) Beochan 2020], Gradam na Beochana Gearra is Fearr];
- Bhuaigh “This Town Still Talks About You”, an Gradam Gearr-Dhráma Aonair is Fearr agus ba é Matthew McGuigan, Fionn Walshe, Ciara Rigney [BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse 2020], and Caoimhe O’Reilly [BEal. (Onóracha) sa Dearadh Comhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Táirgthe 2021];
- Bhuaigh “Falsh_Thunder93”, arna chruthú ag Reuben Harvey, Fionnghuala Madden, Eamon MacMahon, Luke O’Shaughnessy agus Jack Doyle, mic léinn Bhliain 3 BEal (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse, Gradam na Coiméide agus na Siamsaíochta is Fearr.

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe

Léiriú ag an 78ú Féile Scannán na Veinéise (Méan Fómhair 2021)


Thaispeáin céimithe BEal (Onóracha) Beochan 2020 de chuid Scoile Náisiúnta na Scannán Josh O’Caomh agus Mikai Geronimo an scannán iarchéime acu “Fall of the Ibis King (Briseadh Rí na n-Ibisí)” ag an 78ú Féile Scannán na Veinéise, a bhí ar siúl idir an 1 agus an 12 Meán Fómhair 2021.

Gradaim na bFochéimithe Domhanda (Méan Fómhair 2021)

Bronnadh gradam ardmholadh ar chéimí an IEDT, Kate Naughton [BEol (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach 2021] as a tionscadal bliana deiridh, “The Influence of Urban Environments and the Relationship of Nature to the Restoration of Direct Attention (Tionchar na dTimpeallachtaí Uirbeacha agus Gaolmhaireacht an Dúlra ar Athchóiriú Díreach na hAirde” ag Comórtas Domhanda na nGradam Fochéime.

Taispeántas Ghailearaí Theach na Cúirte (Méan Fómhair 2021)

Reáchtáil Jialin Long [BEal (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht 2020] taispeántas aonair dá “Red Illuminates (Soilsíonn an Dearg)” ag



Derek Ugochukwu

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

Dánlann Theach na Cúirte, Inis Díomáin, Co. an Chláir. Bhí an taispeántas ar siúl ón 23 Meán Fómhair go dtí an 4 Nollaig 2021. Ina theannta sin, bhronn Gailearaí Theach na Cúirte Gradam an Taispeántais Iarchéime ar Jialin.

Clár Scoláireachtaí Iarchéime de chuid Rialtas na hÉireann (Deireadh Fómhair 2021)

D'éirigh le Kate Nolan agus Sophie Quin, an bheirt mhac léinn MEal Taighde (Dámh na Scannán, na hEalaíne na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha) lena gcuid-iarratas ar Chlár Scoláireachta Iarchéime de chuid Rialtas na hÉireann.

Mac Léinn Chomhlaigh don Fhóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas (Méán Fómhair 2021)

Roghnaíodh Pearse McKiernan [Bliain 2 BEal (Onóracha) i Staidéar na Meán Nua] mar Chomhalta Mac Léinn don Fhóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama.

Léiriú Fhéile Camerimage (Samhain 2021)

Roghnaíodh scannán iarchéime, "To All My Darlings (Do Gach Stór Agam)" don Fhéile mór le rá Camerimage a reáchtáladh ón 13 go dtí an 20 Samhain 2021. Sé Derek Ugochukwu [MEal Scríbhíneoireacht Scripte na bliana 2019] a scríobh an scannán, arna stiúradh

agus arna léiriú ag Lia Campbell [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2020], leis an gcineamatagrafaíocht arna stiúradh ag Ciara Rigney [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse 2020].

Gradaim Dearaidh Iarchéime an IDI (Samhain 2021)

Fuair na céimithe seo a leanas de chuid BEal (Onóracha) Dearadh Cumarsáide Amhairc an IADT na bliana 2021 Moltaí ag searmanas Gradaim Iarchéime an IDI a reáchtáladh an 9 Samhain 2021:

- Stacey O'Carroll sa chatagóir Taighde Dearaidh le haghaidh "Ireland's Hidden Army - Banshee, Bread and Roses and the Irish Women's Liberation Movement in 1970s";
- Eadaoin Hennessy sa chatagóir Taighde Dearaidh le haghaidh "One Hundred Thousand (Hostile) Welcomes - The Representation of Syrian Refugees in Irish Media", agus sna catagóirí Aitheantas Branda agus Dearadh don Digiteachas le haghaidh "Mamóg- Your Postpartum Recovery Buddy";
- Stacey O'Carroll sa chatagóir Aitheantais Branda le haghaidh "Native";
- Jess Whelan sa chatagóir Leabhar Clóbhuailte le haghaidh "Subconscious Order";



4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

Gradaim Dearaidh Iarchéime an IDI (ar lean)

- Eadaoin Hennessy, Lucy Power and Lisa Jentisch sa chatagóir Amharcmhargaiocht/ Dearadh Taispeántais le haghaidh “Sharespace”, agus sa chatagóir Teicstílí le haghaidh “Emerald Gibson and Lauren Kilroy: Redress Fashion.

Féile Scannán an Fheabhail (Samhain 2021)

Bronnadh an 2ú Duais ag Féile Scannán an Fheabhail ar chomhshaothar de chuid mic léinn bliain deiridh an BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse agus MEal Cineamatagrafaíochta. Ba é Kevin Scott [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2021] a scríobh agus a stiúir an scannán, agus ba é Joe Heffernan [MEal Léiriú Cruthaitheach agus Maoiniú na Scannán na bliain 2021] a léirigh an scannán. Mic léinn scannánaíochta an IEDT agus na ndisciplíní ceardaíochta lena mbaineann a bhí sa chriú den chuid is mó.

Comhoibriú an Rí Artúr (Eanáir 2022)

Bronnadh BEal (Onóracha) Dearadh ar mhic léinn an stáitse agus an scáileáin, i gcomhar le

Ceoldráma an ARCE, ‘King Arthur (Rí Artúr)’ ag Henry Purcell ag Amharclann Samuel Beckett i mBaile Átha Cliath (Mí Eanáir na bliana 2022). Ina theannta sin, chuir mac léinn BEal (Onóracha) Dearadh na hAmharc-chumarsáide Lauren Rush an bhrandáil agus an tsainiúlacht le chéile le haghaidh an léirithe.

Taispeántas ‘Wax Rhapsodic’ (Eanáir 2022)

Reáchtáladh ‘Wax Rhapsodic’, taispeántas ag léiriú saothair mhic léinn 2ú Bliain MEal Comhoibriú na hEalaine agus an Taighde an IEDT sa Ghailearaí LAB idir an 12 agus an 22 Eanáir 2022.

Taispeánt ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (FSIBÁC) (Feabhra 2022)

Roghnaíodh an gearrscannán, 'Don't Go Where I Can't Find You (Ná Theigh Chuig Áit nár Féidir Liom Teach Ort)', arna scríobh agus arna léiriú céimithe an IEDT le haghaidh taispeána ag FSIBÁCVirgin Media, a reáchtáladh idir an 23 Feabhra agus an 6 Márta 2022. Siad céimithe an IEDT a ghlac páirt i ndéantús an gearrscannáin ná:

- Evan Barry [[BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2009] - Cineamatagrafaí;





Anisha Chooramun

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

- Christina Byrne Byrne [BEal (Onóracha) Dearadh don Stáitse agus don Scáileán - Dearadh Éadaí na bliana 2013] – Comhlach Éadaí;
- Lia Campbell [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2018] - Comhordaitheoir Léiriúcháin;
- Ivan Moloney [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2018] - 2ú Cúntóir Ceamara;
- Laurent Murray [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2017] - 1ú Cúntóir Ceamara;
- Ríoghnach Ní Ghríoghair [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2009 and MA Screenwriting 2010] – Scríbhneoir agus Stiúrthóir;
- Allyn Quigley [MA Scríbhneoireacht Scripte na bliana 2018] - Eagarthóir;
- Fiadh Wren [BEal (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse na bliana 2018] - Teicneoir Íomháu Digiteach.

Taispeántas Oscailte Draíocht (Márta 2022)

Ba é 'You Breathe Differently Down Here (Ní Mar an gCéanna a Dhéanann Tú Anáil a Tharraingt

Thíos Anseo)', an chéad Taispeántas Oscailte ag Draíocht, a chuir saothair nua i láthair ag 35 chéimí físealaíontóir na mblianta 2019-2022, céimithe Grianghrafadóireachta an IEDT ina measc, ó gach aird na na hÉireann agus a bhí ar siúl i nGailearaí Draíocht idir an 2 Márta agus an 30 Aibreán 2022. Áiríodh leis an seó saothiar de chuid Jialin Long [BEal (Onóracha) Grianghrafadóireacht 2020], Patrick O'Byrne [BEal (Onóracha) Grianghrafadóireacht 2021] agus Sarah Louise Lordan [BEal (Onóracha) Grianghrafadóireacht 2021].

Taispeántas 'Mata Irlandia – Súil na hÉireann i Jakarta' (Márta 2022)

Roghnaíodh céimithe an IEDT, Anishta Chooramun [MEal Comhoibriú na hEalaine agus an Taighde na bliana 2020], Jamie Cross [BEal (Onóracha) Ealaíon na bliana 2019], agus Ciara Roche [MEal Comhoibriú na hEalaine agus an Taighde na bliana 2019] le haghaidh páirt a ghlacadh sa taispeántas faoi Éirinn 'Mata Irlandia' san Indinés. Rinne an taispeántas iniúchadh ar na féiniúlachtaí ar leith agus comhchoiteanna i ndomhan deighilte agus bhí sé ar siúl ón 17 Márta go dtí an 17 Meitheamh 2022. Fuair sé tacaíocht ó Chultúr Éireann agus ó Ambasáid na hÉireann san Indinés.



'What Cannot Be Seen' Exhibition



Clodagh McCarthy

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

Taispeántas 'What Cannot Be Seen Exhibition (Márta 2022)

Roghnaíodh tríúir mhic léinn an IEDT, Olamide Ojegenro [Bliain 2, BEal (Onóracha) Arts Management], Fionnuala O'Connell [Bliain 2, BEal (Onóracha) Ealaíon] agus Okhaide Itua [Bliain 2, BEal (Onóracha) Ealaíon], le haghaidh páirt a ghlacadh sa taispeántas 'What Cannot Be Seen (An Méid nach féidir a Fheiceáil)' a bhí ar siúl ag Drop Dead Twice, Baile Átha Cliath ar an 24 Márta 2022. Léirigh an taispeántas portráid-dhírithe seo áilleacht na héagsúlachta mar a fheictear í trí dhearcadh na gcruthaitheoirí ar leith.

Comhoibriú an CNS le Jesse Jones (Bealtine 2022)

D'oibrigh mic léinn ó Roinn Scannán agus Meán agus ón Roinn Dearaidh agus Amharcealaíona i gcomhar leis an ealaíontóir mór le rá idirnáisiúnta, Jesse Jones [MEal Cleachtas Amharcealaíona na bliana 2005] ar an léiriúcháin aige de 'The Tower (An Túr)'. Scrúdaigh an saothar ilshuiteála stair thréigthe na mban heiriceach ón 12ú haois agus na mbanmhisteach meánaoiseach. Ar an bhfoireann léiriúcháin freisin, bhí céimithe an IEDT: Eagarthóir agus Ealaíontóir Amharcéifeachtaí, Eavan Aiken [MEal

Comhoibriú na hEalaíne agus Taighde na Bliana 2017], Ealaíontóirí Maisiú, Klaudia Rapala agus Saoirse Whelan [BEal (Onóracha) Dearadh don Stáitse agus don Scáileán - Dearadh Maisithe na bliana 2021 an beirt acu].

Scoláireachtaí George Moore (Aibreán agus Iúil 2022)

Bronnadh Scoláireacht George Moore ar Clodagh McCarthy [4ú Bliain, BEal (Onóracha) Síceolaíocht Fheidhmeach] i mí Aibreáin na bliana 2022 chun staidéar a dhéanamh le haghaidh Máistreachta i Taithí Úsáideora agus Dearadh Seirbhíse ag Ollscoil Loughborough (RA). I mí Iúil na bliana 2022, bronnadh Scoláireacht George Moore ar Dayna Brislane [4ú Bliain, BEal (Onóracha) Amharc-chumarsáid] chun céim Mháistreachta a dhéanamh san Amharc-chumarsáid ag Scoil Dearaidh Parsons i Nua-Eabhrac.

Saothar Ealaíne Electric Picnic (Lúnasa 2022)

Dhear agus chruthaigh mic léinn ó Dhámh na Scannán, na hEalaíne na na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha an IEDT sraith d'ainmhithe fiáine fantaisacha agus d'earraí aisteacha d'Fhéile Cheoil Electric Picnic na bliana 2022. Mhaisigh na dealbha Rian Ealaíne na foraoise sa tSráidbhaile ar feadh na féile trí lá.

4.7 Seirbhísí agus Éascaíochtaí do Mhic Léinn 2021/2022

4.7.1 Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn

An 5 Samhain 2012, d'fhaomh comhaltaí Choiste Seirbhísí na Mac Léinn athrú theideal an Choiste go dtí Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn (an SSFC), i gcomhthéacs Thuarascáil 2011 an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Ranníocaíocht an Mhic Léinn, anuas ar bhunú Fhochoiste um Éispéireas Mic Léinn na Comhairle Acadúla. Is é seo a leanas ról an Choiste Seirbhísí na Mac Léinn:

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí bliantúla a chuirtear faoi bhráid Fheidhmeannacht na hInstitiúide agus na moltaí sin a dhéanamh maidir le leithdháileadh cistí institiúide do sheirbhísí do mhic léinn;
- Breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar dháileadh cistiú institiúide a leithdháiltear ar sheirbhísí do mhic léinn;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú lena scaipeadh ar phobal an champais;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar leasanna agus buarthaí mic léinn go cuí laistigh den phróiseas comhairliúcháin.

4.7.2 An Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil bunú an Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn chun breithniú a dhéanamh ar bheartais um fholláine mhic léinn a thacaíonn leis an mac léinn ina gcuid

foghlama, a chumasaíonn breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht thacúil champais, agus a shainaithníonn díriú sonracha le haghaidh idirghabhála. Ag a cruinniú an 12 Samhain 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil cónascadh Fochóiste na Leabharlainne agus an Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn.

Is é aidhm an Choiste um Éispéireas Mic Léinn:

- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus moltaí a thabhairt orthu a bhaineann le folláine fhoriomlán mic léinn, agus tagairt don mhéid a leanas:
 - o Ranníocaíocht an mhic léinn le pobal an champais
 - o Tionscnaimh chun timpeallacht fhairsing ghairmiúil, a léiríonn meas agus chruthaitheach
 - o Cairt Foghlaimeoirí
 - o Ambasadóirí mac léinn, e.g. meantóir, scéimeanna cúnta etc.
 - o Iompar mic léinn
 - o Timpeallacht ghinearálta na hInstitiúide agus an tionchar a imríonn sí ar mhic léinn
 - o Idirghníomhú/cumarsáid idir seirbhísí/ aonaid agus ranna acadúla sonracha
 - o Tacú le mic léinn ag a bhfuil riachtanais ar Leith.
- Ionchur isteach i straitéis na hInstitiúide le haghaidh Tacaíochtaí Mic Léinn agus príomh-tháscairí feidhmíochta a mholadh don chéanna;

4.7.2 An Fochoiste um Éispéireas Mic Léinn (ar lean)

- Caighdeáin chúí do sheirbhísí do mhic léinn a bhunú agus a athbhreithniú i gcomhoibriú leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, e.g., Seirbhís Sláinte, Eastáit agus Saoráidí/Oifig TFC, agus Leabharlann;
- An tuarascáil bhliantúil a fháil agus breithniú a dhéanamh uirthi ón bhFoireann Seirbhísí do Mhic Léinn agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Acadúil a eascraíonn ón gcéanna nuair is cúig;
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta ar cheisteanna a eascraíonn as casaoidí/gearáin na mac léinn agus cúrsaí araíonachta a bhaineann le heispéireas iomlán an mhic léinn, agus comhairle a chur ar an gComhairle Acadúil mar is cúig;
- Tionscnaimh a bhunú nó a chur chun cinn a thacaíonn le cruthú timpeallachta a fheabhsaíonn eispéireas Institiúid na mac léinn.

4.7.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

4.7.3.1 An Oifig Rochtana

Cuidíonn an Oifig Rochtana le mic léinn atá faoi ghannionadaíocht lena n-ullmhú don oideachas tríú leibhéal, agus lena n-imeascadh ann, trí bhíthin tacaíocht rúnda, phearsanta a chur ar fáil. Tá an tOifigeach Rochtana ar fáil fresin chun comhairle agus treoir a thabhairt i dtaca le tacaíochtaí airgid atá ar fáil do mhic léinn. Le linn na bliana acadúla 2020/2021 bhí an Oifig

ag gabháil leis na tacaíochtaí Réamhiontrála agus Iar-iontrála seo a leanas.

An tSnáithe Réamh-iontrála

Scéim HEAR/DARE – I mí an Mhárta 2017, ghlac an Institiúid ballraíocht sna Scéimeanna maidir leis an mBealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR) agus an Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE). Is é is aidhm leis na scéimeanna sin, atá á maoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), cuidiú le fágáilithe scoile faoi mhíchumas agus leo siúd de chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch rochtain a fháil ar an ardoideachas. I mí an Mheáin Fómhair 2021, chuaigh 23 mac léinn isteach in IADT trí HEAR agus chuaigh 81 mac léinn isteach trí DARE.

Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) –

Clár le hAghaidh Rochtain ar an Ardoideachas (PATH) – is ciste tiomanta é PATH, arna bhainistiú ag an Údarás um Ardoideachas thar cheann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, atá tiomanta do rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht san ardoideachas a mhéadú:

- **PATH 2 - Sparánacht Cheannairí agus Fhoghlaimoirí 1916** — Tá an duais seo á maoiniú ag an Údarás um Ardoideachas agus soláthraítear inti Sparánachtaí ar fud na hearnála Institiúidí Teicneolaíochta chun



4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

tacú le rochtain na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste ar an ardoideachas a mhéadú. Leagfar iarratais isteach agus déanfar measúnú orthu ar bhonn lárnach. In 2021/2022, bhí 39 iarrathóirí ar Sparánacht 1916, agus bronnadh 12 gcinn acu.

- PATH 3 - Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach** - Reáchtáladh Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach (SSEC) idir an 13 agus an 24 Meitheamh 2022. Tá Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna trí Chnuasach Ardoideachais Cholún 1 Laighean. I measc na n-institiúidí rannpháirteacha bhí: IADT, Institiúid Oideachais Marino (MIE), Coláiste Ealaíne & Deartha MTU Crawford, Ollscoil Leighis & Eolaíochtaí Sláinte RCSI, Coláiste na Tríonóide agus UCD. Tugadh deis don lucht freastail leas a bhaint as áiteanna saor in aisce ar cheardlanna ar an gcampas ar: Líníocht le haghaidh Beochan, Grianghrafadóireacht, 3T agus Dearadh Léirithe, Priontáil agus Dearadh (Fíorúil). Bhain teorann 60 duine ó chúlraí socheacnamaíocha ísle le líon na rannpháirtithe ag an Scoil SSEC.

- PATH 3 - An Mheantóireacht Phobail** – Is é aidhm an tionscnaimh ná an ráta rannpháirtíochta i measc grúpaí tearcionadaithe a mhéadú tríd an meantóireacht. Tá an tionscnamh maoinithe ag Ciste BEALACH 3 ón HEA agus is tionscnamh comhoibrithe é idir IADT, MIE, NCAD, TCD agus UCD. Is é aidhm an tionscnaimh chomhoibrithe idir-institiúideach agus tras-phobail seo ná an ráta rannpháirtíochta i measc grúpaí tearcionadaithe a mhéadú tríd an meantóireacht. Mar gheall ar shrianta leanúnacha COVID-19, seachadadh an tionscnamh Meantóireachta Pobail beagnach. Reáchtáladh oiliúint ar líne Dé Sathairn, 7 Samhain 2020. Bhí thart ar 200 mac léinn ó na 5 choláiste i láthair. Ba é Gary Gannon TD an t-aoichainteoir a labhair faoina thacaíocht do na Cláir Rochtana. Bhí 5 mheantóir ag IADT a chríochnaigh an clár seo go rathúil.
- Outreach** - le linn na bliana 2021/2022, rinne an tOifigeach Rochtana treoir chuimsitheach a fhorbairt ar na roghanna maoinithe agus tacaíochta go léir atá ar fáil do mhic léinn ionchasacha na Rochtana. Cuireadh a leithéid i gcló lena sheoladh chuig Eagraíochtaí an Lucht Siúil é agus chuig éinne eile a bhfuil baint aige lenár bhFor-Rochtain um an tionscadal seo.



4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

An Snáithe Iar-iontrála

- **An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn (SAF)** - In 2021/2022 fuair an tSeirbhís Rochtana €174,471 ón HEA agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa don Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Chuir 207 mac léinn isteach ar an gciste, measadh go raibh 7 díobh siúd neamh-incháilithe, bhí 17 neamhiomhlán, ach bhí 207 duine díobh incháilithe le híocaíocht.

Fócas na Chéad Bhliana (FCB) - is é FCB clár treoshuimh fheabhsaithe IADT do lucht na chéad bliana atá ag tosú ar choláiste, agus stiúir an Oifig é go rathúil i Meán Fómhair 2020. Is tionscnamh uile-institiúide é an clár Cúrsaí na Chéad Bliana (FYM) a thacaíonn agus a éascaíonn an 'socrú isteach'. dár gcuid mac léinn uile céad bliana atá ag tosú ar choláiste. Reáchtáiltear an clár thar na chéad cheithre seachtaine de théarma an fhómhair, agus is é Aontas na Mac Léinn agus foireann FYM a dhéanann é ú. Roghnaíodh Ceannairí FCB ó chohórt reatha na mac léinn, agus cuireadh oiliúint ar fáil dóibh lena chinntiú go gcuirfí fáilte roimh mhic léinn a bhí ag teacht isteach ar

an gcampas agus go gcuirfí eolas cuimsitheach ar fáil dóibh. Áiríodh le clár FCB na bliana 2021/2022: Seachtain Ionduchtaithe Treoshuimh HEAR/DARE, Seachtain na Leasa, Seachtain an Oideachais agus Seachtain na Faisnéise do Mhic Léinn Lánfhásta.

Seachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn

Lánfhásta - i Meán Fómhair na bliana 2021, cuir baill foirne ó Ionad Foghlama na Mac Léinn ceardlanna ar fáil do Sheachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn Lánfhásta, agus ghlac 24 mhac léinn lánfhásta páirt san imeacht seo.

Deontas Ríomhaire Ghlúine COVID-19 - in

2020/2021, , mar chuid de réimse beart chun tacú le mic léinn tríú leibhéal le linn phaindéim COVID-19, thug an Rialtas maoiniú breise isteach chun tacú le mic léinn trí bhíthin rochtain ar ghléasanna a chumasaíonn an fhoghlaim ar líne a chur ar fáil. Baineadh úsáid as an maoiniú a fuair IADT chun rochtain ar ríomhairí glúine agus ar chrua-earraí riachtanacha TCF a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste. Don bhliain acadúil 2021/2022, cuireadh 79 ríomhaire glúine ar fáil do mhic léinn.

4.7.3.2 Seirbhís Teicneolaíochta Cúnta

Feidhmíonn Seirbhís na Teicneolaíochta Cúnta (STC) i gcomhar le Seirbhís Tacaíocht an Míchumais, le hIonad Foghlama na Mac Léinn, leis an Oifig Rochtana, leis an Oifig TFC, leis na Dámha Acadúla agus le Teagasc agus Foghlaim chun tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas.

- Thacaigh an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta le 174 mac léinn in 2021/2022, a bhain úsáid as réimse teicneolaíochtaí, ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe Teicneolaíochta Cúnta (TC) ina measc.
- Bhí 261 choinne le mic léinn san iomlán, idir cianda nó pearsanta.
- Tá Neamhord Foghlama Sonrach (SLD) ar nós Disléicse ag formhór na mac léinn, cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil DCD, ASD (Neamhord de chuid Speictream an Uathachais), ADHD (Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde) agus DCD (Neamhord Comhordaithe Forbartha) agus Dyscalculia acu.
- I measc tacaíochtaí nua TC tugadh tacú do mic léinn in úsáid Táibléad agus Fón Cliste agus aipeanna brabhsálaibhunaithe chomh


maith le teicneolaíochtaí AT nua scamallbhunaithe mar shampla Google Voice Typing agus Grammarly.

- I rith na bliana 2021/2022, d'oibrigh an STC le Teicneolaí Oideachais an IEDT, d'fhonn baill foirne agus mic léinn a chur ar an eolas ar Blackboard Ally, córas a ligeann don mhac léinn léamha acadúla a íoslódáil ó Blackboard i bhformáidí éagsúla, ar nós ríomhleabhair agus comhaid fuaime.
- Soláthraíonn an tSeirbhís AT oiliúint duine le duine i dtaca leis an AT ar fad a leithdháiltear. Tacaítear leis seo le hacmhainní oiliúna, lena n-áirítear: Treoracha Úsáideora, físeáin, fóraim, srl. ar shuíomh gréasáin IADT.
- I measc na bpríomhtheicneolaíochtaí cúnta a úsáideadh in IADT le linn 2021/2022 bhí: Ríomhairí Glúine, Fón Chliste, Táibléid, Pinn chliste (taifeadáin fuaime), Deachtafóin, micreafóin USB le haghaidh aitheantais cainte, bogearraí Óir chun Léamh & Scríobh, Breacaire Nótaí Fuaime, Clóscríobh Gutha Google agus Léitheoirí ríomh-leabhar.

4.7.3.3 Ionad na nGairmeacha

Cuireann Ionad na nGairmeacha eolas, tacaíocht phraiticiúil agus treoir ar fáil do mhic léinn agus do chéimithe i bpleanáil a gcuid ghairme agus a gcuid taighde, agus i bhforbairt réamhghníomhach scileanna na hinfhostaitheachta.

- Le linn na bliana acadúla 2021/2022, chuir an IG 300+ seisiún aonair agus seisiún ar líne ar fáil, chomh maith le hagallaimh duine le duine a bhain le téamaí ar nós: CVanna a Chruthú, LinkedIn, Cuardach Poist, Iarratais Poist agus Leanúint ar Aghaidh chuig an mBreisoideachas, Líonrú, Scoláireachtaí agus Agallamh/Bréag-Agallaimh.
- Ina theannta sin, chuir an IG ceardlanna agus léirithe ar líne ar fáil ar ábhair ar nós: Tógáil Próifíl Phearsanta agus Cás a Dhéanamh; Inniúlachtaí, Scileanna agus Cumais; CV/Punann a Chur le Chéile; Meicníochtaí an Mheasúnaithe; Teicnící an Agallaimh srl.
- Chuaigh an IG i dteagmháil le breis agus 150 fostóir le linn na bliana 2021/2022 chun imeachtaí a chur ar fáil ar nós: Maratóin na nAgallamh; Bréag-Agallaimh na nEarnálacha ar leit le spriocfhostóirí, Aonach Fíorúil na nGairmeacha Sraith Seimineár Gréasáin srl .
- Ghlac an Oifig Gairmeacha páirt i gComhpháirtíocht GradIreland agus EEC agus Aonaigh GradIreland i mí an Mheáin Fómhair 2020 agus i mí an Mheithimh 2022.
- Ardán GoinGlobal - a cuireadh ar fáil le linn 2021/2022 do gach mac léinn agus céimí d'fhonn go bhféadfar deiseanna, poist, socrúcháin oibre agus intéirneachtaí ar fud gach stáit de Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an Eoraip, an Astráil agus an Áis a chuardach.
- Aonach Gairmeacha & Sraith Webinar - i Márta 2022, chuir an CC Aonach Gairmeacha agus Sraith Webinar ar fáil trasna Ealaín agus Dearadh, Grianghrafadóireacht, UX & Dearadh Grafach, Déanamh Múnla agus Dearadh 3, Daonnachtaí agus Síceolaíocht agus a raibh 40+ fostóir páirteach ann.
- I mí Aibreáin 2022, fuair an CC Gradam 'Ardmholadh' as Comhpháirtíochtaí Éifeachtacha a Thógáil ag Gradaim Náisiúnta GradIreland as a gcomhoibriú le I.T. agus Port Láirge I.T. ar imeachtaí a cuireadh i bhfeidhm ar fud na paidéime Covid-19 do mhic léinn agus do chéimithe.



4.7.3.4 Seirbhís Tacaíochta Míchumais (STM)

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Míchumais cuimsiú, abhcóideacht agus rannpháirtíocht ghníomhach i saol an choláiste a chur chun cinn. Soláthraíonn an tseirbhís rochtain chomhionann ar oideachas do mhic léinn IADT a bhfuil raon míchumas agus riochtaí meabhairshláinte orthu.

Tá an STM tiomanta do phrionsabal an Dearaidh Uilíoch san Fhoghlaim a chur i bhfeidhm, a spreagadh agus cuidiú le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin chomh maith, mar an chéad fhreagra chun an rochtain a dheimhniú ar chláir foghlama laistigh de IADT. Tá ról lárnach ag an DSS maidir le caidrimh uathúla a bhainistiú le gach mac léinn, agus dúshlán mhíchumais sa timpeallacht ardoideachais a shainaithint agus a thuiscint.

- Ag tús na bliana acadúla 2021/2022, chláraigh 281 mhac léinn san iomlán leis an STM, ar dhearbhaigh 82 díobh dhá mhíchumas nó a thuilleadh. As líon na mac léinn cláraithe, ba cláraithe mic léinn nua iad 82 acu - críochnaíodh measúnú na riachtanas agus Achoimre ar Phróifíl na Riachtanas ar gach duine acu.
- Tá Míchumas Foghlama Sonrach ag an gcóhort mac léinn is mó (112) (Disléicse,

Dioscalcúile, Diosgraife). Tá méadú suntasach tagtha ar líon na mac léinn atá ag clárú sa dara catagóir is mó, Riochtanna Meabhairshláinte (63). Le linn na bliana 2021/2022, dhearbhaigh 51 mhac léinn go rabhadar faoi NEA/NHEA.

- Le linn 2021/2022, chláraigh 10.8% de dhaonra scoláirí IADT mar dhuine faoi mhíchumas, ar méadú 0.2% é le trí bliana anuas.
- Le linn na bliana acadúla, freastalaíodh ar 142 choinne tacaíochta na mac léinn san iomlán, agus b'iad Mí Samhain na bliana 2021 agus Mí Márta na bliana 2022 na míonna ba ghnóthaí.
- I Mí Márta na bliana 2022, d'eagraigh an STM Seachtain na Néar-Éagsúlachta i gcomhairle le hIonad Foghlama na Mac Léinn, Aontas na Mac Léinn agus Ionad Sláinte na Mac Léinn chun feasacht agus glacadh i measc na foirne agus na mac léinn a ardú.
- Le linn na bliana 2021/2022, chuir an STM, i gcomhar le Seirbhís Teagasc agus Foghlaim, na ceardlanna agus na cainteanna seo a leanas ar fáil:



Categories of Disabilities Registered 2021/2022

4.7.3.4 Seirbhís Tacaíochta Míchumais (ar lean)

- ⇒ Ionduchtú Teagaisc do bhaill foirne nua (Meán Fómhair 2021);
- ⇒ Léiriú an chúrsa Teastais Teagaisc agus Foghlama ar Éagsúlacht agus Cuimsiú laistigh den IEDT (Márta 2022);
- ⇒ Léiriú an chúrsa Dearadh Uilíoch um Fhoghlaim ar conas tacú le mic léinn (Bealtaine 2022).

4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta do Scoláirí

Cuireann Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn (SCS) tacaíocht shíceolaíoch gearrthéarmach, bunaithe ar fhianaise, ar fáil do gach mac léinn cláraithe san IEDT. Sé príomhaidhm na seirbhíse ná tacaíocht aonair a sholáthar, le haidhmeanna tánaisteacha an t-oideachas síceolaíochta a chur chun cinn agus an fheasacht a chothú ar líne. Feidhmíonn an tseirbhís ar mhúnla tacaíochta sé sheisiún.

- Le linn na bliana 2021/2022, Rinneadh 898 seisiún tacaíochta san iomlán a sceidealú do mhic léinn, freastal pearsanta ar 60% de na coinní.

- B'í imní phearsanta síceolaíochta (sí sin, imní, dúlagar srl.) an chúis ba mhinicí a bhí ag na mic léinn, chomh maith le saincheisteanna teaghlaigh pearsanta, achrainn caidreamh idirphearsanta, méala agus caillteanas, féinmheas lag, uaigneas, buarthaí acadúla agus imní síceolaíochta a bhain ar leith le hinscne/gnéasacht.
- I Mí Samhain na bliana 2021, chuir Comhairleoir na Mac Léinn seimineár uair an chloig ar fáil do gach mac léinn de chuid Bhliain 1 i nDámh na Scannán, na hEalaíne agus na Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha. Mar chuid den seimineár gréasáin, bhí ábhar sícoideachasúil maidir le féinchúram, le contanam na meabhairshláinte, Spás na Caoinfhulaingthe, Croí na Folláine agus Nósanna Neamhchabhreacha na Smaointeoireachta.
- Oiliúint Feasachta SafeTALK ar Fhéinmharú — I Mí Feabhra agus Mí Meitheamhna bliana 2022, chuir an SCM, i gcomhar leis an Oifigeach Oiliúna agus Forbartha na Foirne, oiliúint SafeTALK ar fáil ar an gcampas, agus d'fhreastail 55 mnac léinn agus ball foirne uirthi.

4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta do Scoláirí (ar lean)

- Uirlis ‘Labhair Amach’ – le linn na bliana acadúla, d’oibrigh an SCM i gcomhar le Bainisteoir an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe chun feasacht a ardú san IEDT ar an Uirlis Labhair Amach, uirlis tuairiscithe ar líne a chuireann meán anaithnid ar fáil do mhic léinn agus d’fhoireann na n-institiúidí ardoideachais. le haghaidh eachtraí na bulaíochta, an idirdhealaithe, an iionsaithe nó an fhoréigin ghnéasaigh a thuairisciú.

4.7.3.6 Ionad Sláinte na Mac Léinn


Cuireann Ionad Sláinte na Mac Léinn (ISM) seirbhís chuimsitheach an leighis agus an altranais ar fáil atá ar oscailt do gach mac léinn lánaimseartha agus dóibh siúd cláraithe leis an MEal. Cuireann an Dr Nina Byrnes (Generation Health), lena Dochtúirí Teaghlaigh Comhlach, tacaíocht leighis ar fáil ar an gcampas agus lasmuigh de. Ina theannta sin, tá Altra ar fáil 5 lá sa tseachtain ar an gcampas i rith na bliana acadúla.

- Le linn na bliana 2021/2022, chuir an ISM tacaíocht agus bainistiú ar fáil i leith

mórán gnéithe de ghéarchéim Phaindéim an Covid-19. I measc na hoibre a rinne sé, bhí: dáileadh 250,000 maisc, agus bainistiú agus dáileadh 20,000 Fearas Antaigin.

- Rinneadh 520 Comhairliúchán Dochtúir Teaghlaigh a sceidealú le linn na bliana acadúla, chomh maith le 1,000 Comhairliúchán Altra.
- Fócas ar an gCéad Bliain – réachtáil foireann an ISM roinnt seisiún faisnéise le linn Fócas ar an gCéad Bliain i Mí Meán Fómhair na bliana 2021.
- An Scéim Náisiúnta um Dháileadh na gCoiscíní - le linn na bliana, 2021/2022, d’éascaigh foireann an ISM dáileadh na gcoiscíní saor in aisce ar mhic léinn mar chuid dá leithéid Scéime.
- Tionscadal Feabhsaithe Áitiúil (TFÁ) - I gcomhar le hIonad Foghlama na Mac Léinn, ghlac an ISM, páirt sa TFA a raibh mar aidhm aige freagairt ar an ngá le foghlaim níos cuimsithí trí shraith acmhainní faisnéise agus tacaíochtaí spriodhírthe an NHEA a chur ar fáil.

Primary Diagnosis



4.7.3.6 Ionad Sláinte na Mac Léinn (are lean)

Fuarthas maoiniú €5,000 chun trealamh uirlisí a fhorbairt don fhoireann acadúil chun tacú le mic léinn faoin NHEA, agus chun uirlis a fhorbairt do mhic léinn a bhfuil tréithe an NHEA orthu. Mar thoradh air sin, atreoraíodh 15 mac léinn tríd an ISM (nó a n-atreoraigh iad féin) le haghaidh measúnaithe chuig Foireann Forbairt Foghlama an IEDT agus, ina dhiaidh sin, á n-atreorú seachtrach chuig ADAPT, bealach atreoraithe NHEA an phobail de chuid Ionad Naomh Eoin Dé.


4.7.3.7 Ionad Foghlama na Mac Léinn

Is seirbhís tairisceana é an tIonad Foghlama do Mhic Léinn atá ann ó Dheireadh Fómhair 2019 i leith, atá curtha ar fáil tríd an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta Oideachasúil (EPSS) sa Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF). Is seirbhís faoi stiúir síceolaíochta é LNF an EPSS, a chuireann tacaíocht ar fáil do mhic léinn i gceithre institiúid trú leibhéal, agus an IADT ina measc.

- Tá Síceolaí Cairte, Síceolaí Cúnta agus Teagascóir Matamaitice ag obair sa tSeirbhís. Chomh maith leis sin, tá an tseirbhís á tacú ag Síceolaí Oideachais Sinsearach agus ag foireann Sheirbhís Tacaíochta Oideachais LNF.
- Le linn na bliana 2021/2022, cuireadh 792 choinne san iomlán ar fáil do mhic léinn agus freastalaíodh ar 507 díobh go pearsanta nó go cianda ar líne.
- I rith 2020/2021, áiríodh sna catagóirí míchumais a chláraigh mic léinn in IADT:

⇒ Tacaíocht acadúil	4.26%
⇒ ADHD	10.30%
⇒ Neamhord ar Speictream an Uathachais	10.37%
⇒ Disléicse	19%
⇒ Lagú Éisteachta/Amhairc	1.09%
⇒ Deacrachtaí Meabhairshláinte	8.27%
⇒ Neamhoird iolracha	6.20%
⇒ Gan Nochtadh	32.24%
⇒ Rudaí Eile	8.27%

Primary Type of Support



■ Maths/Stats ■ Do-It Profiler ■ Wellness ■ Organisation ■ Academic Supports ■ Other

4.7.3.7 Ionad Foghlama na Mac Léinn (Ar lean)

- Seo a leanas miondealú na dtacaíochtaí ar bhain na mic léinn leas astu le linn na bliana 2021/2022:

⇒ Tacaíocht acadúil	39.30%
⇒ Próifíleoir Do It	6.28%
⇒ Matamaitic/Staidreamh	11.50%
⇒ Eagraíocht	20.45%
⇒ Rudaí Eile	5.21%
⇒ Folláine	16.84%
- Ag tús na bliana acadúla, chuir baill foirne ón IFM seisiún ionductaithe ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana agus reáchtáil siad ceardlanna do mhic léinn lánfhástata agus do mic léinn HEAR/DARE.
- Chuir foireann an IFM ceardlann Sheachtain na Scríbhneoireachta ar fáil do Mhic Léinn Lánfhásta na bliana 2021/2022; ghlac 24 mhac léinn lánfhásta páirt sa cheardlann.
- Mar chuid de Sheachtain Leasa na Mac Léinn, d'oibrigh foireann an IFM li gcomhar le Comhairleoir na Mac Léinn chun 'Minding Yourself in College (Ag Tabhairt Aire duit Féin ar an Ollscoil)' a léiriú mar

chuid de Chreat Meabhairshláinte na Mac Léinn.

- Le linn na bliana 2021/2022, chuir foireann an IFM roinnt ceardlann spriocdhírthe ar fáil do mhic léinn fochéime agus iarchéime, lena n-áirítear anailís chriticiúil, struchtúr acadúil, ionracas acadúil agus na tagairte, léamh profáil agus eagarthóireacht.

4.7.3.8 Aontas na Mac Léinn

I mí na Samhna 1998, bunaíodh Aontas na Mac Léinn ag an Institiúid chun ionad aíocht a dhéanamh ar leasanna na mac léinn agus iad ag déileáil le húdarais na hInstitiúide, agus chun cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le hAontas na Mac Léinn in Éirinn.

Ba iad na trí Oifigeach Sabóideacha don bhliain 2021/2022:

- Eoin Hicks Smith (Uachtarán Aontas na Mac Léinn)
- Rachael Sarsfield Ryan (Oifigeach Oideachais)
- Kai Fic (Oifigeach Leasa agus Comhionannais)



5

Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

5.1 Obair Taighde agus Forbartha

5.1.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

Acadamh na Todhcaí Cruthaitheach

Is éard atá in Creative Futures Academy (CFA) tionscnamh de thrí mhórscholáthraí Ardoideachais chultúrtha agus chruthaithigh de chuid na hÉireann (IADT, NCAD and UCD), á mhaoiniú ag Tionscnamh an Údaráis um Ardoideachais maidir le Caipitil Dhaonna. Tacaíonn an CFA le riachtanais luathghairme nó lárghairme gairmithe cruthaitheacha trí bhíthin cúrsaí / modúil chreidiúnaithe NFQ a thairiscint do dhaoine atá ag obair san earnáil chruthaitheach. Trí bhíthin an deis chun oiliúna, uasoiliúna nó athoiliúna a thairiscint d'fhoghlaimoírí, tacaíonn an CFA le fás gairmiúil, le cumhacht agus le tionchar na n-earnálacha cruthaitheacha agus cultúrtha.

Sa bhliain acadúil 2021/2022 rinneadh Céim I, seachadadh na gcúrsaí lánchreidiúnaithe d'fhoghlaimoírí seachtracha, a rolladh amach don chéad uair. Idir Mí Meán Fómhair na bliana 2021 agus Mí Eanáir na bliana 2022, reáchtáladh sé chlár phiólótacha i réimse na scannán, na meán agus an dearaidh, ceithre chúrsa na teastasi L9, Amharcléiriú na Sonraí; Smaointeoireacht an Dearaidh; Bainistíocht an Léiriúcháin (sa scannánaíocht agus sna meáin), An Léiritheoir mar Cheannaire (do scannánaíocht agus sna meáin), dhá theastas

L8 Bealaí Nua na Scéalaíochta (VR/AR) agus Bunphrionsabail an Dearadh UX.

I mí Eanáir na bliana 2022, reáchtáladh deich rogh-chúrsa ag L8 (Céim/Bliain 1) laistigh de Dhámh na Scannánaíochta, na hEalíníe agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha. Tairgeadh na rogh-chúrsa sna réimsí ar leith a leanas: Códú Cruthaitheach; Dearadh Gréasáin; Beochan Díreach ar Aghaidh trí Líníocht Bhreathnóireachta Seicheamhach; Bunchúrsa na Puipéadóireachta; Iar-eagrú na n-Íomhánna Grianghrafadóireachta; Bunchúrsa na Dealbhóireachta Digiteacha le húsáid a bhaint as an ZBrush; Dráma Teilifíse: Cruthú na n-Ábhar agus na Smaointe; Máistir -rang Líníocht na gComharthaí; Beochan 2T le húsáid a bhaint as Adobe Suite; Bunchúrsa sa Bheochan Sraith-Ghearrtha.

I Mí Aibreán agus Mí Bealtaine na bliana 2022, rinneadh triail ar mhúnla comhoibriú an oideachais/an tionscail le Skillnet (Greasán na Mean) agus le comhpháirtí tionscail (Telegael) i nGaillimh, chun Ceardlann Ealaíon Teicniúla (Próistéitic) maidir le Dearadh na gCarachtar a reáchtáil. Ceardlann dian a bhí ann trínar bailíodh amharicthaifid luachmhara chomh maith le hanailís agus meastóireacht na ngeallsealbhóirí ar an acmhainneacht agus ar an éileamh ar sholáthar creidiúnú L9 sa réimse seo.

Acadamh na Todhcaí Cruthaitheach (ar lean)

Ó Mí Bealtaine go Mí Iúil na bliana 2022, reáchtáladh cúig Theastas gearr (ceithre cinn acu i Scileanna Gairmiúla do na Tionscail Chruthaitheacha: Punann le haghaidh na hEalaíona Teicniúla; Eagarthóireacht Iar-léiriúcháin na n-Íomhánna; Grianghrafadóireacht Beochana Stop-Ghluaiseachta; Gearradh Léasair d'Oidí); agus Teastas amháin i Scileanna Gairmiúla do Chéimithe (Áit Tosaithe d'Iarchéime maidir le Tionscail an Scáileáin) le himeacht líonraithe ag Taispeántas na gCéimithe i Mí Mheithimh.

Tháinig tuiscint níos casta ar riachtanais na hearnála agus ar thábhacht an ATC maidir le hoideolaíochtaí a threorú don earnáil chruthaitheach amach anseo as rannpháirtíocht leanúnach le comhaltaí na Comhairle Tionscail. Tugann forbairt Skillnets agus líonraí eile na hoiliúna agus na scileanna deis dúinn comhoibriú mar IAO. I Mí Nollag na bliana 2021, reáchtáladh siompóisiam do Bheochantóirí Luathghairme le gníomhaireachtaí maoinithe (náisiúnta agus idirnáisiúnta), le cleachtóirí agus le gnólachtaí léirithe ag glacadh páirte ann. I Mí Mheithimh chuaigh an ATC i gcomhar le Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na nGreannán chun tacaíocht a thabhairt do chainteoir. Tá

an ATC tar éis tosú ar chomhpháirtíochtaí gníomhacha a lorg le FilmEU le haghaidh tionscnaimh atá comhlántach agus a thacaíonn lena chéile a fhios.

Séard a bhí i gceist le Céim I ná bailiú cuimsitheach agus measúnú na sonraí maidir le táithí an fhoghlaimeora agus le próifíl an fhoghlaimeora, tástáil ar mhodhanna éagsúla seachadta an T+F (lena n-áirítear iomlán ar líne, cumasc agus tumtha) thar gach clár a chuireamar ar fáil. Bailíodh eolas luachmhar ar phróifíl na bhfoghlaimeoirí d'fhonn eolas a thabhairt do na chéad chéimeanna eile den seachadadh agus den phleanáil agus chun eolas a chur ar fáil do bhreisfhorbairt straitéiseach san IEDT i gcoitinne. Léiríonn ár gcuid taighde go bhfuil an IEDT ag comhlíonadh spriocanna insoláthartha agus cuspóirí an ATF agus Tionscnamh an Chaipitil Dhaonne, siad sin 'na céimithe a seasfaidh an aimsir amach anseo le scileanna atá ábhartha don tionscal le haghaidh na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn' agus 'na scileanna trasnaí' a neadú (M-Co, 2021, lch. 6). Léiríonn na meastóireachtaí ón gcéad bhliain seo go bhfuil freagra cruinn ann ar riachtanais an tionscail, agus comhlíonann siad bearnaí áirithe i soláthar an oideachais thar earnálacha na Scannán/Teilifíse/Meáin, an Dearaí agus an Dearaí UX.

Acadamh na Todhcaí Cruthaitheach (ar lean)

Mar fhreagra díreach ar anailís na sonraí ar mheastóireachtaí Chéim I, agus mar fhreagra ar riachtanais an tionscail maidir le cláir aclaí um scileanna gairmiúla na ngearrchúrsaí, rinne an ATF dhá Dhámhachtain Sainchuspóireacha a dhearadh agus a dheimhniú: Scileanna Gairmiúla do Thionscail Chruthaitheacha, agus Scileanna Gairmiúla do Chéimithe. Ba fhreagra díreach é an Teastaseo sna Scileanna Gairmiúla do Chéimithe ar riachtanais na gcéimithe a chuaigh isteach san ionad oibre le déanaí agus d'fhéach sé le dul i ngleic le cuid de scileanna gairmiúla na forbartha nár éirigh leis na foghlaimoírí a bhaint amach le linn na paindéime (agus arna aithint ag na mic léinn agus an lucht tionscail). Tá bealaí nua an MEal á bhforbairt ag an ATF agus tá sé ag méadú líon na dtairiscintí L9 mar chuid dár dtairiscint iomlán do na bliana 2022-23 agus 2023-24.

Bhí an IADT an-ghníomhach ag stiúradh taighde an ATF lena n-áirítear: modhanna an T+F agus na scoláireachta dírithe ar an deachleachtas san oideolaíocht chruthaitheach; ar na beartais um an bhfoghlaim fadsaoil sna hInstitiúidí Ardoideachais; ar an oiliúint i scileanna an tionscail ar fud earnáil na n-ealaíon cruthaitheach agus na meán; ar na hardáin dhigiteacha; agus Chreat na dTréithe

Cruthaitheacha. Tá iarratas déanta ag an ATF ar dhá réimse den mhaoiniú seachtrach, rud a chuirfidh leis an obair atá ar siúl san IADT: ceann amháin in oiliúint Idirmhalartú Leictreonach na Sonraí do na tionscail chruthaitheacha; agus an ceann eile i bhfeidhmchláir na tumtheicneolaíochta do thionscail na hoidhreachta. Le linn na bliana 2021/2022, chuir an ATF Pacáiste na n-Acmhainní Iarchéime le chéil atá á úsáid anois i modúil de chuid COBÁC agus an IADT.

FilmEU

Is Comhaontas Ollscoileanna de chuid na hEorpa a bhfuil ceithre institiúid ardoideachais ina mball ann é FilmEU: Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire; Hogeschool Sint-Lukas (an Bhruiséil); Universidade Lusófona (Liospóin) agus Színház és Filmművészeti Egyetem (Búdaipeist), a tharraing amach as an gComhaontas ó shin. Is éard is príomhchuspóir leis an tionscadal Ollscoil barr feabhais na hEorpa a chur i bhfeidhm, atá dírithe ar an ardoideachas agus ar ghníomhaíochtaí taighde i réimse na nEalaíon Scannánaíochta agus Meán. Is cloch mhíle thábhachtach é an tionscanamh don Aontas Eorpacha maidir le hOllscoileanna na todhcaí a chruthú, le luachanna agus le féiniúlacht na hEorpa a chur chun cinn agus céim chun tosaigh a thabhairt i dtaca le caighdeán, cuimsitheacht agus iomaíocht an ardoideachais Eorpaigh.

FilmEU (ar lean)

Sí an chuspóir mheántéarmach ná go mbunófar FilmEU faoin mbliain 2025 mar struchtúr eiseamláireach na comhoibre a mhéadóidh an comhar idir gach ball reatha den Chomhghuaillíocht faoi láthair agus le teacht agus a chothóidh an cumas acu gníomhú ar an léibhéal náisiúnta, ar an léibhéal réigiúnach agus ar an léibhéal domhanda i dtionscail an chultúir agus an chruthaithe, agus thar réimsí eile an tsaoil a arna bhfuil tionchar acu.

Bhí an chéad 18 mí i ndiaidh bunú na Comhghuaillíochta ríthábhachtach maidir leis na bunstruchtúir a leagan síos a ligfidh dúinn an príomhchuspóir seo a bhaint amach go luath. I measc na paidéime domhanda, bhí FilmEU in ann gach gníomhaíochtaí a aige a rabhtas ag súil leo a chur i gcrích de réir an sceidil, ag seachadadh na táirgí inghnóthaithe agus na héachtaí lena mbaineann a dtacóidh leis an gComhghuaillíocht d'fhonn na cuspóirí go léir a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach le linn tréimhse an tionscadail (3 bhliain). Bhain an chuid is mó den obair a rinneadh le linn an chéad 18 mí le cleachtaí tosaigh na mapála agus na taiscéalaíochta ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais éagsúla a ghlach páirt ann agus le dearadh agus le na cur i bhfeidhm luath réitigh éagsúla ar fud réimsí

idirghabhála na Comhghuaillíochta. Ba iad na gníomhaíochtaí agus na héachtaí ba ábhartha le linn na tréimhse ná iad siúd a leanas a bhain go díreach le comhlíonadh shainchuspóirí éagsúla an tionscadail:

- an Oideachais
- na Soghluaisteachta
- an Bhonneagair agus na nUirlisí Comhroinnte
- an Taighde agus Oideachas an PhD
- na Foghlama Fadsaoil (LLL) agus na hOiliúna Gairmiúla
- na Fiontraíochta agus na Nuálaíochta
- Dearbhú na Cáilíochta
- an Rialachais
- na hInbhuanaitheacht, Tógáil na bPobal agus an Imeachaithe

Ceann de na príomh-éachtaí sa tréimhse seo ab ea bunú fíorphobail timpeall na Comhghuaillíochta, agus an t-imeascú a dhaingniú idir na geallsealbhóirí go léir. Ba ríthábhachtach é seo ionas go mbainfear an phríomhchuspóir amach chomh maith le rathúlacht na Comhghuaillíochta amach anseo. Rinneadh a leithéid trí imeachtaí agus cruinnithe iolracha (reáchtáladh os cionn 260 cruinniú sa tréimhse, agus reáchtáladh 38 n-imeacht, gcomhdháil agus gceardlann

FilmEU (ar lean)

inmheánach agus seachtrach); cruinnithe neamhfhoirmiúla agus malartuithe soghluaisteachta; comhthionscadail oideolaíochta; comhthionscadail taighde; ilghníomhaíochtaí eile.

Bhí baint láidir ag an gComhaontas freisin le roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar fhorbairt thionscal an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip, m.sh. rannpháirtíocht na nInstitiúidí Ardoideachais i gceist i gcuibhreannas Pobail na Feasa agus na Nuálíochta de chuid Institiúid Teicneolaíochta nua na hEorpa i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheacha, sainmhíniú na mbeartas a mbaineann leis an oideachas ealaíon agus leis an taighde san Eoraip, atá ríthábhachtach chun maoiniú a ghíaráil agus le haghaidh inbhuanaitheacht na Comhghuaillíochta. Fuair an Chomhghuaillíocht maoiniú breise ar bh fhiú €16.4m san iomlán é, sa bhreis ar bhunmaoiniú an Erasmus+, lena n-áirítear 3 Chomh-Máistreacht an Erasmus Mundus, 2 Dheontas Bearta Dearaidh an Erasmus Mundus, mór-Dheontas H2020 (FilmEU_RIT), tionscadal AOÉ de chuid ITE (C-ACCELERATE) chun na hinstitiúidí ardoideachais a chumasú i réimse na fiontraíochta agus na nuálaíochta, agus tionscadal Horizon Europe chun cabhrú le hinbhuanaitheacht thionscal na scannán i

margaí beaga na hEorpa (CRESCINE) a mhéadú.

Maoiniú Claochlaithe le haghaidh Ollscoileanna Teicneolaíochta (MCOT)

Bunaíodh an Maoiniú Claochlaithe d'Ollscoileanna (TUTF) chun cuidiú le forbairt agus dul chun cinn ollscoileanna teicneolaíochta mar chuid de chuspóir bheartas an Rialtais i gcomhthéacs athstruchtúrú a dhéanamh ar thírdhreach an ardoideachais. Sannadh €90 milliún don chiste, atá le bronnadh i gcaitheamh tréimhse trí bliana.

I Samhradh na bliana 2020, i ndiaidh ionadaíocht an Uachtaráin chuig an ÚAO, ceadaíodh don IEDT aighneacht neamhspleách a dhéanamh maidir leis an gciste seo. I mí Dheireadh Fómhair na bliana 2020, leithdháileadh €100k ar an IEDT chun measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha agus ar mholtaí reatha maidir le hinmharthanacht agus inbhuanaitheacht ollscoil na n-ealaíon cruthaitheach a bhunú in Éirinn, agus chun deiseanna amach anseo chuige sin a scóipeáil laistigh de chomhthéacs Phlean Straitéiseach reatha an IEDT, de chomhthéacs níos leithne na Straitéise Náisiúnta um Ardoideachas, agus de chomhthéacs Tuarascáil Líonra Taighde na nOT.

Maoiniú Claochlaithe le haghaidh Ollscoileanna Teicneolaíochta (ar lean)

Le linn na bliana féilire 2021, chríochnaigh foireann tionscadail an IEDT, lena n-áirítear an Dr Daithí Mac Síthigh, an Dr Hilary Kenna, John Montayne, Ann Marie Phelan, agus le tacaíocht ón gcúntóir taighde Clodagh McKenna, tuarascáil iomlán ar na roghanna agus ar na deiseanna atá ann don IEDT a bheith ina ollscoil do thionscail na cruthaitheachta, bunaithe ar rannpháirtíocht le hinstitiúidí eiseamláire/comparáide idirnáisiúnta, ar athbhreithniú ar an bhfianaise, agus ar rannpháirtíocht leis an ÚAO agus le roinnt geallsealbhóirí. Cuireadh an tuarascáil seo faoi bhráid an ÚAO i Mí Eanáir na bliana 2022 agus chuir an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán um Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht í faoi bhráid Bhord an ÚAO i Mí Aibreáin na bliana 2022. Ar an mbonn sin, tugadh cuireadh don IEDT aighneacht a dhéanamh i leith Maoiniú Bhliain 3 (2022-23), a thacóidh le gníomhaíochtaí caochlaithe maidir le taighde, le bainistíocht an athraithe, le rialachas, le Dearbhú na Cáilíochta, le gnóthaí corparáideacha, le digitiú, agus le cumarsáid.

5.2 Taighde san IADT

5.2.1 Oifig Taighde an IADT

Athsheoladh Oifig Taighde an IADT sa bhliain 2021 faoi Cheannasaí nua an Taighde (An Dr. DAithí Mac Síthigh, iar Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) agus thacaigh sí le raon gníomhaíochtaí i rith na bliana. I measc na gcainteoirí ar tugadh cuireadh dóibh ag imeachtaí de chuid na hOifige Taighde bhí: Domhnall Hernon (EY) a labhair leis an bhfoireann agus leis na mic léinn faoi 'cén ealaín is féidir a mhúineadh don domhan agus cad is féidir leis an domhan a mhúineadh don ealaín' i Mí Nollag na bliana 2021; an Dr. Richard Roche (Ollscoil Mhá Nuad); an Dr Harun Siljak (CTBÁC); agus an Dr. Chiara Loda (pointe teagmhála náisiúnta, Horizon Europe).

Ghlac foireann na hOifige Taighde páirt i líonraí idirnáisiúnta lena n-áirítear comhdháil bhliantúil agus grúpaí téamacha an EARMA (Cumann Eorpach na mBainisteoirí agus na Riarthóirí Taighde) agus imeachtaí taighde ELIA (Craith Eorpach Institiúidí na nEalaíon), agus thacaigh siad le forbairt chlár oibre taighde FilmEU, go háirithe tríd an tionscadal Fís 2020 FilmEU RIT (Taighde-Nuálaíocht-Claochlú) ar cuireadh tús leis i Mí Meán Fómhair na bliana 2022.



5.2.1 IADT Research Office (ar lean)

Rinneadh Clár Forbartha Taighde nua an IADT don fhoireann a fhorbairt i mbliana agus tacóidh sé leis an gcéad chohórt de 13 bhall foirne sa bhliain 2022/23. Chríochnaigh Avril Healy (Oifigeach Taighde) an clár náisiúnta Campus Engage, a chuireann an taighde ghníomhach agus aithint tionchar na gníomhaíochta T+F ar shaol an phobail chun cinn.

Tá sraith reatha tionscadal maoinithe an taighde agus na forbartha de chuid an IEDT (arna achoimriú ar na leathanaigh a leanas) á maoiniú ag an Aontas Eorpach (Fís 2020, Erasmus+, agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), An Chomhairle um Thaighde in Éirinn, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, An t-Údarás um Ardoideachas agus Éire Ildánach. I mbliana, ghlac an IEDT páirt i dtionscadail mhaoinithe ina raibh sí ag obair i gcomhar le 17 n-institiúid ardoideachais agus le 23 chomhpháirtí tionscail agus na réimse sibhialta ar fud 16 bhallstát, chomh maith le comhpháirtithe breise san Úcráin agus sa Ríocht Aontaithe. Fuair an IEDT a chéad deontas faoi chlár nua Horizon Europe de chuid an AE, le haghaidh tionscadal faoi iomaíochas thionscal scannán na hEorpa (faoi stiúir Ollscoil Lusofona na Portaingéile agus a gheobhaidh maoiniú €4m) le tosú i Mí Eanáir na bliana 2023.

Chuaigh baill foirne ar fud na Ranna i ngleic freisin le deiseanna maoinithe taighde, ag cur moltaí i láthair maidir le hobair chomhoibríoch tríd an gClár Taighde Thuaidh-Theas, chuig raon glaonna Eorpacha, agus chuig na príomhscéimeanna Laureate de chuid an CTÉ. D'fhreastail an Dr. Daithí Mac Síthigh mar rapóirtéir do cheardlann náisiúnta faoi conas is féidir dearcthaí ealaíon, na heolaíochta sóisialta agus na ndaonnachtaí a imeascú i gcomhthionscadail Eorpacha; Ghlac an Dr Hilary Kenna agus Páraic McQuaid páirt san imeacht idirghníomhach seo freisin.

5.2.2 Tacaíochtaí Aistriú an Eolais

Mar bhall de Chuibhreannas Nuálaíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath (CNRBÁC), leanann an IEDT ar aghaidh ag uasmhéadú tionchar an taighde san Institiúid. Siad baill an CNRBÁC ná IEDT, OT Bhaile Átha Cliath, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (IALBÁC), agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann. Tá an Cuibhreannas á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann. Mar bhall den CNRBÁC, le linn na bliana 2021/2022, d'eagraigh an IEDT sraith imeachtaí agus ceardlann ar an maoin intleachtúil agus ar thráchtálú don phobal acadúil. Ina theannta sin, cuireadh tacaíochtaí ar fáil don phobal acadúil ag an IEDT ó fheidhmeannaigh cheadúnaithe an CNRBÁC maidir le ceadúnais, foirmeacha nochtá aireagáin, maoin intleachtúil agus tráchtálú.

5.3 Tionscadail

5.3.1 Tionscadail Náisiúnta

Tionscadal Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath

Comhpháirtíocht atá í Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath (CFBÁC) atá ag comhoibriú chun Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar réigiún na foghlama, mar atá sainmhínithe ag EOECA. Is tionscnamh de chuid an Chláir um Rochtain ar Ardoideachas (PATH3) é an tionscadal seo atá maoinithe ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Siad ionadaithe na bpríomh-chomhpháirtithe, Denise McMorrow, Bainisteoir Taithí na Mac Léinn ag IEDT, agus Séan Delaney, Clárartheoir agus Leas-Uachtarán Ghnóthaí Acadúla, Institiúid Oideachais Marino (IOM) a bhfreastalaíon mar Chomh-Chathaoirligh uirthi. Siad na comhpháirtithe eile sa Tionscadal CFBÁC ná: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha; agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.

Tá comhpháirtíocht láidir idir CFBÁC agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (BOOCBÁC), agus Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath-Dún Laoghaire (BOOCÁCDL). Baineann an CFBÁC úsáid éifeachtach as a cuid acmhainní i ngach earnáil chun foghlaim chuimsitheach ón mbunoideachas go dtí an

t-ardoideachas a chur chun cinn. Agus a leithéid á dhéanamh aici cuireann an chathair le cumasú an duine ar leith agus leis an gcuimsiú sóisialta, leis an bhforbairt eacnamaíoch agus leis an rathúnas cultúrtha, agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Is ball le meas í an CFBÁC de Líonra Domhanda Cathracha Foghlama an EOECA. Sa bhliain 2021, bronnadh Gradam EOECA ar Chathair Foghlama an CFBÁC mar aitheantas ar na deachleachais aici maidir le hoideachas ar ardchaighdeán agus deiseanna na foghlama fadsaol a chur chun cinn do gách éinne ag an leibhéal áitiúil.

I measc buaicphointí Thionscadal an CFBÁC le linn na bliana 2021/2022, bhí:

- Aird a dhíriú ar CFBÁC mar bhronntóir Chathair Foghlama an EOECA.
- Féile Chathair Foghlama Bhaile Átha Cliath na bliana 2022, a reáchtáladh idir 4 agus an 6 Aibreán 2022 ina raibh os cionn 200 imeacht pearsanta agus ar líne ar siúl.
- Na comhpháirtíochtaí seanbhunaithe, ag teacht agus fairsinge (náisiúnta agus idirnáisiúnta) atá chun cinn a mhéadú.
- Na rátaí coinneála agus dul chun cinn na mac léinn bhreise faoi ghannionadaíocht a earcaíodh, de réir catagóire agus institiúide.

5.3.1 Tionscadail Náisiúnta (ar lean)

Tionscadal Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath (ar lean)

- Gníomhaíochtaí a phríomhshruthú isteach i dtionscadail atá ar siúl cheana féin — tionscadail an PATH 2 agus an PATH 3 a chur chun cinn.
- Comharsanacht Foghlama na Lárchathrach Thuaidh a fhorbairt - 15 eagraíocht Bhreisoideachais agus phobail, ag comhoibriú chun an fhoghlaim a chur chun cinn i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath.
- Meabhrán Tuisceana sínithe le 4 chathair chomhpháirtíochta de chuid Lónra Cathracha Foghlama na hÉireann (Corcaigh, Luimneach, Béal Feirste agus Doire) ar an 18 Bealtaine 2022.
- Seoladh ‘Eolaire Foghlama Ar Líne’ an CFBÁC.

Tionscadal Réaltachta Méadaithe Pháirc agus Gairdíní Chnoc na Raithne

Tá Tionscadal Réaltachta Méadaithe Pháirc agus Gairdíní Chnoc na Raithne á maoiniú ag Clár Fionnachtana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Siad Emma Leahy agus Clyde Doyle atá i

gceannas air. Séard atá mar phríomhthéama an tionscadail ná taispeántas idirghníomhach agus oideachasúil a fhorbairt agus úsáid á bhaint as samhail múnla scála fisiciúil agus as uirlis na Réaltachta Méadaithe (RM) bunaithe ar Pháirc agus Gairdíní nua Chnoc na Raithne. Sí aidhm an tionscadail ná an fhiosracht agus an teagmháil san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM) a spreagadh ó ghrúpaí nach bhfuil baint acu le ETIM faoi láthair.

Bainfear úsáid as teicneolaíocht na Réaltachta Méadaithe chun na forbairtí ar thailte Pháirc agus Gairdíní Chnoc na Raithne a fhorshuí ar an múnla agus chun a léiriú conas a ndeachaigh an tionchar antropaigineach agus an athrú ar úsáid na talún ar an bpáirc. Léireoidh torthaí an chluiche tionchar (dearfach + diúltach) na roghanna acu ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht don úsáideoir sa leagan le roghnú aige amach anseo. Tar éis dó dul i ngleic leis an taispeántas agus leis na ceardlanna, beidh an saoránach ina chleachtóirí an daonlathathais ghníomhaigh. Séard a bheith mar fhíor-tháirge an tionscadal ná an teagmháil leis na húdaráis áitiúla maidir le comhairliúchán poiblí do Phleananna Gníomhaíochta ar son na hAeráide amach anseo.

5.3.1 Tionscadail Náisiúnta (ar lean)

Aitheantas don Réamhfhoghlaim (ARF)

Is comhthionscnamh idir na seacht nOllscoil IUA, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, agus na hOllscoileanna Teicneolaíochta é an tionscnamh náisiúnta seo, agus is éard is cuspóir leis cur chuige seasmhach céillí i leith aitheantais réamhfhoghlama san earnáil phoiblí ardoideachais trí chéile.

Á mhaoiniú faoi Dhúshraith 3 de Thionscnamh Caipitil Daonna Rialtas na hÉireann, déanfaidh na hInstitiúidí ardoideachais athrú suntasach ar bheartas, ar nós imeachta, agus ar chleachtas Aitheantas Réamhfhoghlama sa tionscadal, rud a mbeidh cumas claochlaitheach aige le go mbeidh córas oideachais na hÉireann ina cheannaire idirnáisiúnta sa réimse. An aidhm atá ann go mbeidh Aitheantas Réamhfhoghlama ina chuid lárnach den chóras ardoideachais, go mbeidh tuiscint leathan air, agus go gceiliúrfar agus go n-úsáidfear é mar chonair sholúbtha chun na foghlama breise, an deimhniúcháin agus na forbartha gairmiúla.

Le linn na bliana 2021/2022, rinneadh leathanach gréasáin an ARF ar shuíomh Gréasáin an IEDT a uasdátú chun aird a tharraingt ar chuid d'fhoghlaimoirí na

hInstitiúide a bhain leas as bealach rochtana an ARF; leanadh le tairseach an ARF a fhorbairt do gach iarrthóir, agus tugadh isteach méadracht fheabhsaithe chun líon na ARF a thaifeadadh. I measc na ngníomhaíochtaí eile, bhí agallaimh le foghlaimoirí a fuair rochtain ar chlár tríd an ARF, comhráite le agus uasdátuithe don fhoireann ar fud an IEDT, agus imscrúdú breise a dhéanamh ar an rannpháirtíocht leis na comhpháirtithe tionscail áitiúla agus náisiúnta.

Tionchar an Athrú Saoil ar Ghairmeacha Beatha in Ardoideachas na hÉireann

Séard atá mar chuspóir ag an tionscadail taighde seo ná iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar thairseach saoil sampla de mhná atá ag obair in ardoideachas na hÉireann agus ar thionchar an athrú saoil ar a gcuid ghairmeacha beatha. Arna mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas faoin gCiste um Fheabhsú Comhionannas Inscne, tá sé faoi stiúir ag an IEDT agus lena sheachadadh i gcomhar le IT Shligigh agus OT Bhaile Átha Cliath.

Cuirfidh an tionscadal tús le comhrá ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil in earnáil IAO (agus níos faide) ar mhná atá ag obair agus ar an athrú saoil maidir lena gcuid

5.3.1 Tionscadail Náisiúnta (ar lean)

Tionchar an Athrú Saoil ar Ghairmeacha Beatha in Ardoideachas na hÉireann (ar lean)

ngairmeacha beatha, ag spreagadh athbhreithniú beartais maidir le conas tacaíocht níos fearr a thabhairt dó mhná atá ag fulaingt leis an athrú saoil, m.sh. sa chultúr, san oiliúint, sa tsoláthar ar leith agus sa bheartas maidir le socruithe solúbtha na oibre agus le hoirinuithé san ionad oibre. Beidh baint aige freisin le leasuithe reachtacha amach anseo m.sh. i leith teidlíocht saoire.

Baineann mórán dúshlán le daonra na hEorpa atá ag dul in aois do lucht déanamh an beartais maidir leis an bhfostaíocht, le coinníollacha na hoibre, le caighdeán mhaireachtála agus leis an leas poiblí. Tá an seanaois ag ardú de réir a chéile san AE mar thoradh ar athruithe dinimiciúla ar an torthúlacht agus ar an ionchas saoil. Feidhmíonn aoiseachas córasach na hinscne ar fud ionaid oibre an AE. Tosaíocht straitéiseach don AE agus d'Éirinn is ea aghaidh a thabhairt ar aoiseachas inscne. Tá an tionscadal seo ar aon dul le raon cuspóirí an AE agus na hÉireann. I measc na dtorthaí dtiocfaidh as, beidh athbhreithniú na litríochta, tuarascáil, collóiciam (a mbeidh baint ag na trí IAO agus raon na ngeallsealbhóirí leis), agus grúpaí fócais le baill foirne ar fud na n-institiúidí.

I dTreo Dún Laoghaire Cruthaitheach

Bhronn Éire Ildánach maoiniú ar an IADT agus ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (CCDLRD) faoi Chiste Gníomhaíochta Eacnamaíochta na bPobal Ildánacha. Cuireann an tionscnamh nua seo acmhainní ar fáil d'údaráis áitiúla chun tionscadail nuálacha a fhorbairt a fhéachann le leas a bhaint as acmhainneacht na dtionscal cruthaitheach chun tacú le forbairt áitiúil agus réigiúnach an bhonneagair. Cuireadh tús leis an tionscadal i Mí Mheithimh na bliana 2022, ag ceangal saineolas Oifig Ealaíon agus Aonad Forbartha Eacnamaíochta DLRD le saineolas fhoireann agus taighdeoirí an IADT.

Is comhpháirtíocht ar leith é an tionscadal idir an Chomhairle Contae agus Saotharlann Dearaidh Phoiblí (PDL) an IEDT. Déanfaidh na comhpháirtithe taighde agus iniúchadh ar bhealaí chun comhoibriú níos dlúithe a chruthú agus áit an IEDT a neadú i mbaile Dhún Laoghaire. Chomh maith leis sin, oibreoidh siad go dlúth le raon na ngeallsealbhóirí áitiúla chun bealaí a scrúdú le cur ar chumas céimithe an IEDT agus daoine cruthaitheacha eile fanacht ag obair sa bhaile agus sa chontae i gcoitinne.

5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa

Tionscadal ACCELERATE

Tá aidhm shimplí ach ard ag an tionscadal ACCELERATE (2021-2023): teagasc na healaíne agus an dearaidh san ardoideachas in Eoraip iar-fhaindeimeach a fheabhsú trí mhodheolaíochtaí, trí uirlisí, trí ardáin agus trí acmhainní nuálacha a fhorbairt le haghaidh na tumfhoghlama inrochtana (VR, AR agus XR). Tá sé arna mhaoiú ag an Aontas Eorpach mar Chomhpháirtíocht Straitéiseach Erasmus+ san Ardoideachas.

Tá sé mar aidhm ag ACCELERATE léachtóirí ealaíne agus dearaidh, taighdeoirí oideachais, agus teicneolaithe foghlama ón RA, ó Éirinn, ón bPolainn, agus ón Úcráin a thabhairt le chéile chun machnamh a dhéanamh ar thionchar an COVID-19 agus chun tuairimí nua a iniúchadh don oideolaíocht agus don nuálaíocht dhigiteach. I measc na n-ábhar a dtabharfar aghaidh orthu, beidh curaclaim/modhanna oideachais nua/forbairt na gcúrsaí oiliúna nuálacha, rochtain do dhaoine faoi mhíbhuntáiste, agus an chruthaitheacht agus an cultúr. Áirítear ar fhoireann an IEDT an Dr. Therese Moylan, David Quin, Aoife Balfe, agus Julian King,

atá ag pleanáil imeacht oiliúna san IEDT i Mí Samhain na bliana 2022, agus atá ag obair ar chás-staidéir na réaltachta fíorúla i gcomhar le comhghleacaithe san Úcráin agus sa RA.

Tionscadal C-ACCELERATE

Díríonn C-Accelerate ar an acmhainneacht nuálaíochta agus fiontraíochta san ardoideachas i réimsí na n-ealaíon agus na gcleachtas cruthaitheach a mhéadú trí an cheithre IAO de chuid FilmEU a thabhairt le chéile le hOllscoil Aalto, institiúid cheannródaíoch a bhfuil saineolas agus rannpháirtíocht láidir aici in eolas éagsúil i bpobail an ITE agus na nuálaíochta, mar aon le roinnt eagraíochtaí tionscail agus poiblí, chun oibriú lena chéile i dtreo chuspóir feabhas incriminteach a chur ar an méid a chuimsítear an fhiontraíocht laistigh de chroí-éiceachóras Ollscoileanna na hEorpa amach anseo agus lena bhaineann príomhról na nuálaíochta dá comhdhlúthú.

I ndiaidh maoiniú €1.2m a fhail faoi thionscnamh IAO mar chuid d'Institiúid Nuálaíochta agus Teicneolaíochta na hEorpaíum (ITE), déanfidh sí, thar dhá bhliain ó Mhí Iúil na bliana 2022, plean gníomhaíochta nuálaíochta a fhorbairt, tabharfaidh sí tacaíocht d'forbairt na

5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa (ar lean)

Tionscadal C-ACCELERATE (ar lean)

dtionscnamh agus na gcuraclam nua, cuirfidh sí meantóireacht agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn, agus tabharfaidh sí tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhorbairt na dtionscadal ar fud na n-institiúidí páirteacha.

Tionscadal DESTIN

Is tionscadal ilbhliantúil é DESTIN (Oideachas Iriseoireachta ar son an Daonlathais san Úcráin: Caighdeán, Ionracas agus Gairmiúlacht a Fhorbairt) arna mhaoiniú ag an AE (Erasmus+) agus faoi stiúir Ollscoil Bath Spa (RA), atá ag obair le raon comhpháirtithe san AE (in Éirinn, sa Pholainn, sa tSualainn, san Ostair, san Ísiltír) agus le deich n-ollscoil san Úcráin: IOllscoil Stáit Mariupol, Ollscoil Náisiúnta Zaporizhzhia, Ollscoil Stáit Sumy, Ollscoil Náisiúnta Yuriy Fedkovych i Chernivtsi, Ollscoil Bohdan Khmelnytsky i Cherkasy, Ollscoil Náisiúnta Taras Shevchenko i Kyiv, Ollscoil Idirnáisiúnta na hEacnamaíochta agus na nDaonnachtaí an Acadamhaí Stepan Demianchuk, Ollscoil Náisiúnta Ivan Franko i

Lviv, Ollscoil Chaitliceach na hÚcráine agus Ollscoil Náisiúnta Uzhhorod. I measc na gcomhpháirtithe Úcránacha eile, tá Cumann Mac Léinn na hÚcráine, Raidió Hromadkse agus Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine.

Tríd an tionscadal seo, rinneadh athbhreithniú agus athscríobh ar 20 clár staidéir Úcránach an BEal agus an MEal san Iriseoireacht, agus bhí baint ag an IEDT le forbairt clár staidéir, le cruthú uirlisí oideolaíochta, le hoiliúint d'oiliúnóirí agus athbhreithnithe piaraí tionscadail, le léirmheasanna na gclár agus le scríobh na dtuarascálacha. Dhréachtaigh na comhpháirtithe tionscadail Treoirlínte Náisiúnta na Modheolaíochta maidir le hÁbhar, le Forbairt agus le Cur i bhFeidhm na gClár Staidéir Baitsiléir agus Máistreachta san Iriseoireacht agus rinneadar sraith iomlán d'acmhainní agus cúrsaí For-rochtana Meáin agus Iriseoireachta ar líne a fhorbairt do dhaoine óga. Cuirfear an tionscadal i gcrích le himeachtaí ar líne agus ceardlann in Poznan go déanach sa bhliain 2022.



5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa (ar lean)

EDIFY_EDU-Comhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú um Cháilíocht Oideachas, Oiliúint agus Gairmeacha na Bainistíochta a Fheabhsú

Tugann an tionscadal aghaidh ar bhearna na scileanna in earnáil an Oideachais Bhainistíochta maidir leis na hinniúlachtaí ar chomhionannas, ar éagsúlacht, agus ar chuimsiú (EDI), a bhfuil gá níos mó orthu i bpobal casta ag síor-athrú sreabhán. Tá sé á mhaoiniú(€1.5m thar thréimhse trí bliana) ag an Aontas Eorpach faoi scéim nua na gComhghuaillíochtaí Erasmus+ um Nuálaíocht. Tá an tionscadal faoi stiúir an IEDT agus cuimsíonn sé cuibhreannas d'institiúidí ardoideachais, de gheallsealbhóirí agus saineolaithe sa mhargadh fostaíochta; agus de FBManna ó gach aird na hÉireann, na hOstaire, na Gearmáine, na Fionlainne, na Gréige, na hIodáil agus na Sualainne.

Éascóidh an tionscadal sealbhú na n-inniúlachtaí EDI agus na scileanna trasnaí do mhic léinn na bainistíochta agus do bhainisteoirí ghnó (dírithe go háirithe ar chuideachtaí meánmhéide), chun freagairt ar chlaochlú an phobail trí chóras a bhunú

le haghaidh measúnú na scileanna, tairiscint na foghlama agus na bailíochtaithe agus an aitheantais. Déanfaidh an fhoireann anailís ar riachtanais agus ar thairiscintí na oiliúna in earnáil an oideachais bhainistíochta agus an ghnó, chun tréithe na gcéimithe a aithint as a dtiocfaidh forbairt ar churaclam oiliúna modúlach a thabharfaidh aghaidh ar leibhéal 5-6 an CNC. Bunófar dearadh an churaclaim ar thorthaí na foghlama agus ar phrionsabail na foghlama cumaisc, chun sealbhú an eolais, na n-inniúlachtaí agus na scileanna a éascú bunaithe ar shaothrú suíomhanna éagsúla na foghlama.

Ina dhiaidh sin, déanfar sraith modúl arna thairgiú mar mhicricháilíochtaí a fhorbairt, lena ndíriú ar mhic léinn bhainistíochta, chomh maith le breisoiliúint agus scileanna nua a chur ar fáil do bhainisteoirí agus d'fhostaithe chun cleachtais leithchealaigh neamhairigh agus laofacht neamhfiosach san ionad oibre a mhaolú. Tugann an tionscadal aghaidh ar spriocghrúpaí éagsúla, agus é toilteanach na hinniúlachtaí, na huirlisí, agus fonn na "cleachtais nua" a chur i bhfeidhm a thabhairt do mhic léinn (atá sna bainisteoirí le teacht) agus do na bainisteoirí atá gníomhach cheana féin sa mhargadh fostaíochta.

5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa (ar lean)

Tionscadal GS-CAPS

Ag leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht an IADT sa Scoil Chéimithe um an gCur Chuige Cruthaitheach i leith an Spáis Phoiblí (CAPS), réachtáil an IEDT imeacht trí lá an taighde/malart an eolais ar théama 'The City as an Artscape (An Chathair mar Dhreach na hEalaíne)' i Mí Meitheamh na bliana 2022. Chuimsigh an imeacht sraith na gceardlann, na seimineár, agus na gcuairteanna suímh ina ndearna acadóirí, cleachtóirí ealaíon, agus mic léinn iarchéime iniúchadh ar theagmhálacha idir na healaíona agus an spás poiblí. Ghlac comhghleacaithe agus comhpháirtithe cuairte páirt i sraith díospóireachtaí painéil ar ábhair éagsúla a rinne iniúchadh ar chur chuige tras/idirdhisciplíneach i leith na n-ealaíon agus an spáis poiblí. Thug an clár Programme d'Investissements d'Avenir de chuid Stát na Fraince (ANR-18-EURE-0007) tacaíocht don imeacht agus b'iad an Dr Jenny McDonnell agus an Dr Maria Parsons foireann eagraithe an IADT.

I measc na n-aíonna ar leith bhí Mariam Diallo, Comhairleoir Cultúir ag Ambasáid na Fraince in Éirinn, an Dr Marion Hohlfeldt agus an tOllamh Anne Goarzin ó CAPS, agus, an Dr Eamon Maher, Stiúrthóir an Ionaid

Náisiúnta don Léann Francach-Éireannach (CNLFÉ) ag OT Bhaile Átha Cliath. Le linn na hócáide, seoladh an leabhar nua 'New Cartographies, Nomadic Methodologies. Contemporary Arts, Culture and Politics in Ireland (Cartagrafaíochtaí Nua, na hEalaíona, an Cultúr agus an Pholaitíocht Comhaimseartha in Éirinn) - Peter Lang, 2020, arna chur in eagar ag Anne Goarzin agus ag Maria Parsons ón IADT.

I measc na ngníomhaíochtaí eile i rith na seachtaine bhí turas siúlóide stairiúil ar Na Saoirsí, cuairt ar stiúideo Clodagh Emoe de chuid an IEDT i Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann chun an chónaitheacht Radical Plot aici agus cuid dá saothar ealaíne roimhe seo, léiriú ó na healaíontóirí Deirdre Kennedy agus Shane Cullen, agus cruinniú comhpháirtíochta ag Ionad James Joyce i mBaile Átha Cliath (lena n-áirítear plé ar na pleananna amach anseo maidir le Comhchéimeanna Máistreachta).

Tionscadal Interact

Is tionscadal dhá bhliain arna mhaoiniú ag an AE é InterAct, arna thacú faoin scéim Comhpháirtíochta Straitéisí Erasmus+ agus faoi stiúir KulturLife (na Gearmáine). In éineacht leis an IEDT, tagann na comhpháirtithe eile (a chuimsíonn iad siúd ón ardoideachas agus ó obair an óige) ón mBeilg, ón nGréig, ón Ísiltír agus ón

5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa (ar lean)

Interact Project (Cont'd.)

tSualainn. Baineann sé le forbairt na hinniúlachtaí idirchultúrtha i dtionscadail idirnáisiúnta an óige a mbaineann le tuairim na hInniúlachta Gníomhaíochta Idirchultúrtha (IGI). Séard atá sna hinniúlachtaí idirchultúrtha ná na cumais um nascleanúint agus un chumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus go cuí i dtimpeallachtaí casta agus iad ag idirghníomhú le daoine eile a dtagann as cúlra eile na teanga agus an chultúir.

Sé príomhspríoc InterAct, mar sin, tuairim an IGI a athrú ó theoiric go cleachtas agus smaoineamh na hinniúlachta idirchultúrtha a thuiscint go héasca agus a bheith infheidhmithe láithreach trí aip shofhreach bunaithe ar an nGréasán.

Sí príomhobair an IADT i leith InterAct ná dearadh UX/UI 'Responsive Mobile Web Application (Feidhmchlár Soghluaiste Gréasáin Sofhreach)' a fhorbairt, a chuirfidh ar chumas ábhar an InterAct raon de na gléasanna digiteacha agus de mhéideanna na scáileán lena n-áirítear Fóin Chliste a chur ar fáil ar bhealach atá éasca lená n-úsáid. Léiríodh an obair idir lámha ag cruinniú na gcomhpháirtithe (arna óstáil ag an IADT) i Mí Meitheamh na bliana 2022 agus tá forbairt agus tástáil na haipse ag leanúint fós ar aghaidh.

Tionscadal um Shoghluaisteacht an Chreidmheasa Idirnáisiúnta (SCI)

Tá dhá Thionscadal um Shoghluaisteacht an Creidmheasa Idirnáisiúnta (SCI) ar siúl ón mbliain 2017 i leith, ceann amháin acu i gcomhar le Ollscoil Stáit Sumy na hÚcráine agus an ceann i gcomhar le SAFAA (Acadamh Stáit na hAirméine um Mhínealaíon) agus le YSITC (Institiúid Stáit Yerevan um Amharclannaíocht agus um Chineamagrafaíocht) na hAirméine. Tá maoiniú leantach arna chomhaontú ag an gCoimisiún Eorpach don dá thionscadal soghluaisteachta, á síneadh suas go dtí samhradh na bliana 2023, lena n-áirítear pleananna i leith soghluaisteacht isteach agus amach na foirne. Tá sé molta ag an IADT go nglacfaí Ollscoil Stáit Sumy agus SAFAA mar Chomhaltáí de chuid FilmEU.

Díríonn tionscadal soghluaisteachta na hAirméine ar fhorbairt na hacmhainne, ar fheabhsú an teagaisc, na foghlama agus an measúnaithe agus ar an gcumas i leith uirlisí forbairt na hacmhainne a chruthú d'Institiúidí beaga na hEalaíne, an Dearaidh agus na Meán. Tá cuairteanna foirne an SAFAA ar an IEDT beartaithe go luath sa bliain 2023 agus beidh scáthú poist, léiriú agus ceardlanna i gceist leo ar gach gné de theagasc na healaíne, an dearaidh, na scannánaíochta agus na meáin, den fhoghlaim, den mheasúnú agus den obair

5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa (ar lean)

Tionscadal um Shoghluaisteacht an Chreidmheasa Idirnáisiúnta (ar lean)

thionscadail. Mar chuid den tionscadal, cuirfidh David Quin ón IEDT léiriú i láthair ag seimineár gréasáin i Mí Nollaig na bliana 2022 chun tionscadal KATAPULT na Airméine a sheoladh – ag díriú ar na naisc idir tionscal agus oideachas.

Chuir ionsaithe na Rúise ar bhonneagar criticiúil na hÚcráine isteach go mór ar an gcomhpháirtíocht SCI le hOllscoil Stát Sumy, rud a fhágann go bhfuil sé deacair don IADT cumarsáid oibre a choinneáil leis an ollscoil agus á dhéanamh beagnach dodhéanta d’fhoireann Sumy iarracht a dhéanamh fiú ar ghluaiseachtaí gearra oibre go dtí tíortha eile hEorpa. Sa bhliain 2023, tá sé i gceist ag an IEDT díriú níos mó a dhéanamh ar na naisc le Dámh Gnó agus Eacnamaíochta Sumy, leis an Dr Therese Moylan agus an fhoireann Gnó agus Fiontraíochta an IEDT aici ag glacadh ról tosaigh níos láidre.

Tionscadal SoPHIA

Críochnaíodh an tionscadal SoPHIA (Ardán Sóisialta le haghaidh Measúnú Tionchair na hOidhreachta Iomlánaíoch) i Mí Eanáir na bliana 2022. Tionscadal taighde 2 bhliain a

bhí ann arna mhaoiniú faoi ghlaó Horizon 2020 ar an gCaochlú Socheacnamaíoch agus Cultúrtha i gComhthéacs an Cheathrú Réabhlóid Thionsclaíoch. Ghlac seacht gcomhpháirtí páirt sa chuibhreannas arna chomhordú ag an Università degli Studi Roma Tre (UNIROMA3) na Iodáile; bhí Páraic McQuaid i gceannas ar fhoireann an IEDT, leis an Dr Christine Horn mar thaighdeoir agus an Dr Tiziana Soverigno mar chúntóir taighde.

Sna céimeanna tosaigh, rinneadh athbhreithniú mór ar an litríocht reatha agus an chéad dréacht den mhúnla SoPHIA (maidir le measúnú iomlánaíoch ar thionchar idirghabhálacha na hoidhreachta ar an timpeallacht uirbeach), chomh maith lena thástáil trí 12 chás-staidéar (lena n-áirítear cás-staidéir an IEDT ar Bharra an Teampall agus Gaillimh mar Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020). Ina chéimeanna deiridh, scríobh foireann an tionscadail 4 pháipéar beartais le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh; agus rinne siad uirlisí agus treoirlínte a fhorbairt le haghaidh úsáid a bhaint as múnla SoPHIA.

Chuige sin, d’óstáil an IEDT ar an 23 agus ar an 24 Meán Fómhair 2021 ceardlann na ngeallsealbhóirí i nDún Laoghaire (ar líne agus go pearsanta), agus ghlac sí páirt i

5.3.2 Tionscadail Taighde/Forbartha na hEorpa (ar lean)

Tionscadal SoPHIA (ar lean)

bplé painéil ar chumas an mhúnla SoPHIA i gcomhthéacs an Bauhaus Nua-Eorpach ag cruinniú pearsanta deiridh an chuibhreannais sa Róimh i Mí Nollaig na bliana 2021. I measc na ngníomhaíochtaí scaipthe bhí caibidil d'eagrán speisialta den *Economia della Cultura* faoin tionscadal SoPHIA (2021), agus páipéar agus plé comhscríofa ag an gcomhdháil *Changing Cities V* (na gCathracha ag Aistriú) i gCorfú na Gréige (2022).

5.3.3 Dearbhán Nuálaíochta/ Comhoibriúcháin Tionscail

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, chuaigh IEDT i mbun 7 scéim na ndearbhán nuálaíochta i gcomhar le gnólachtaí. Lasmuigh de na tionscnaimh theicneolaíochta agus de na forbartha táirgí ar mhóréileamh, tá léirithe faoi raon leathan de réimsí dámha an IEDT le feiceáil, dírithe ar leith ar bhrandáil amhairc agus ar thógáil agus ar dhul i ngleic le haithne branda.

Sa bhliain 2021, leathnaigh Fiontraíocht Éireann clár na ndearbhán dá cuid chliant. Is féidir le gnólachtaí leas a bhaint anois as ceithre dhearbhán na

nuálaíochta, an ceathrú ceann acu á gcómhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus ag an gcuideachta, as a dtiocfaidh comhpháirtíochtaí féideartha an taighde níos fadtéarmaí agus comhpháirtíochtaí na nuálaíochta leis an gcoláiste. Tháinig ath-ghnó as dhá cheann de chomhthionscnaimh dearbhán na nuálaíochta laistigh de bhliain amháin.

B'iad seo a leanas dearbháin na nuálaíochta a tosaíodh/a críochnaíodh le linn na bliana 2021/2022:

- Freebird
- Leakwatch
- Decalore
- Sideteams – 2 voucher projects
- Omuu
- Sports Asset Management

5.3.4 Tionscnaimh FÍS

Tionscadail Scannánaíochta FÍS

Is tionscnamh náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) é Tionscadal Scannánaíochta FÍS, atá á bhainistiú ag Oifig FÍS IADT i gcomhar leis an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí - Roinn na Teicneolaíochta san Oideachas (PDST TIE). Is tionscadal rathúil scannánaíochta é FÍS atá faoi bhláth i mbunscoileanna ar fud na hÉireann i gcónaí. Tacaíonn an tionscnamh le teagascóirí chun an scannánaíocht a thabhairt isteach sa seomra ranga, a

5.3.4 Tionscnaimh FÍS

Tionscadail Scannánaíochta FÍS

chuidíonn le páistí scileanna bunriachtanacha sa chruthaitheacht spriocdhírthe, an litearthacht íomhá gluaistí, an chumarsáid, an smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, obair foirne agus na healaíona amhairc. Ar bhonn leanúnach, soláthraítear do mhúinteoirí bunscóile tacar mór acmhainní le haghaidh na beochana beo-aicsin agus na beochana íomhá ar íomhá. Foilsítear breis is 100 sampla de scannáin a ghnóthaigh duais FÍS a chruthaigh páistí i mbunscóileanna na hÉireann ar www.fisfilmproject.ie chomh maith www.fisfilmproject.ie.

Le linn na bliana 2021/2022 agus i gcomhréir le comhairle an Rialtais, d'fhill an FÍS de réir a chéile ar an bhforbairt ghairmiúil duine le duine do mhúinteoirí, arna óstáil trí líonra náisiúnta Lárionad an Oideachais. sé FÍS an tionscadal is faide dá leithéid agus luaíodh é mar eiseamláir do na teicneolaíochtaí digiteacha a thacaíonn leis an gcruthaitheacht sa rang i Straitéis Dhigiteach do na Scoileanna na bliana 2027 de chuid na Roinne Oideachais a foilsíodh le déanaí faoi Cholún 3: "Ag Breathnú ar bheartais an Todhchaí: maidir le polasaí, le

taighde agus leis an gceannaireacht digiteach."

Comórtas FÍS na Scéalaíochta

Mar thoradh ar ráth comórtas na Scéalaíochta FÍS na bliana 2020/2021, bheartaigh foireann FÍS é a reáchtáil arís don bhliain 2021/2022. Cuireadh fáilte roimh gach bunscóil ó gach aird Phoblacht na hÉireann lena gcur isteach ar an gcomórtas agus tugadh cuireadh do dhaltáí amharc-léirmhíniú a dhéanamh ar scéal, ar thuairimí nó ar théama agus úsáid a bhaint as meáin na healaíne agus as cineálacha éagsúla na seatanna chun an scéal sin a chur in iúl ar bhealach nuáilíoch agus cruthaitheach. Tar éis próiseas iomaíoch an roghnúcháin, bronnadh 22 ghradam thar chatagóirí an ranga/na haoise agus fuair na scoileanna ráthúileacha teicneolaíocht an oideachais arna cur ar fáil ag comhpháirtithe tionscadail an FÍS, an PDST TiE. Bronnadh an gradam don Chlár Scéal is Fearr ar Scoil Éanna, An Bullán, Co. na Gaillimhe as an iontráil acu, 'The Last Note (An Nóta Deiridh)'.





*Sinead Kennedy, RTÉ Presenter & MC
FÍS Film Awards 2021*

5.3.4 Tionscnaimh FÍS (ar lean)

FÍS Film Awards

Reáchtáladh an 16ú searmanas Bliantúil Gradaim Scannán FÍS ago cianda ar an 19 Samhain 2021. Ba í an tAire Oideachais, Norma Foley TD, an tAoi Onóra do Shearmanas Bronnta Scannán FÍS 2021. Rinne an tAire Foley comhghairdeas le gach mac léinn a bhí ar an ngearrliosta do Ghradaim Scannán FÍS na bliana seo agus luaigh sé an t-éacht iontach a rinne gach leanbh agus múinteoir a ghlac páirt i bpróiseas na scannánaíochta. Ba í Sinead Kennedy de chuid RTÉ a bhronn na gradaim agus taifeadadh iad i stiúideo úrscothach Scoil Scannán Náisiúnta (SSN) an IADT.

Faoi stiúir fhoireann an SSN, rinneadh an searmanas a léiriú, a scannánú agus a chuir in eagar ag mic léinn ón gclár fochéime Scannán agus Teilifíse agus ó chlár an MEal i Léiriú Craolacháin. Don chéad uair riamh, rinneadh an seit a dhearadh agus a thógáil ag foireann FÍS le rannpháirtíocht shuntasach a fháil ó fhoireann agus ó mhic léinn an chláir Dearadh don Stáitse agus don Scáileán ag an IEDT, ag obair i gcomhar le saineolaithe



tionscail chun seit iontach a sheachadadh don searmanas bronnta bliantúil.

Craoladh an searmanas le tacaíocht ón Roinn TF/Teicneolaíocht Oideachais de chuid an IEDT arna shruthchraoladh trí sheirbhísí an HEAnet.

Bronnadh 21 duais san iomlán as barr fheabhais i ndéanamh na scannán thar raon na gcatagóirí; Dearadh Éadaí, Rian Fuaime, Oiriúnú, Éifeachtaí Speisialta, an Núíosach is Fearr, an Sóisear is Fearr, chomh maith le gradaim do scannáin a bhaineann leis an gcuraclam a chuimsigh réimsí na n-ábhar ar nós Stair, Eolaíocht agus ceisteanna an lae mar COVID-19. I measc na gcontaetha a léiríodh sna scannán a bhain duaiseanna amach, bhí Luimneach, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Ciarraí, Laois, Liatroim, Port Láirge, Corcaigh, Sligeach, Cill Mhantáin, Cill Dara agus Tiobraid Árann. Bhuaigh Scoil Náisiúnta Naomh Aodh, An An Damhshraith, Contae Liatroma Gradam Scannán FÍS Aileen MacKeogh na Bliana 2021 le haghaidh 'The Son of the Grabber (Mac an Sciobaí)', ar bronnadh Gradam Sár-Éacht an Léirithe i nDéantús Scannán uirthi.



5.3.4 Tionscnaimh FÍS (ar lean)

Scéim Mhaoiniú na nGearrscannán dlr First Frames na bliana 2021/2022

Tá scéim mhaoiniú na ngearrscannán dlr First Frames maoinithe go hiomlán ag Oifig Ealaíon agus ag Aonad Forbartha Eacnamaíochta de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus á bainistiú ar a son ag Oifig FÍS an IEDT. Tar éis próiseas roghnúcháin iomaíoch, bronnadh maoiniú €12,000 (chomh maith le costais na scannánaíochta sábháilte Covid-19) ar dhá ghearrscannán, 'Simon' agus 'Soulmate Wanted (Anamchara á Lorg)', faoi Scéim dlr First Frames. D'fhógair Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Comh. Lettie McCarthy, na gradaim. Ba é Take Ten Productions a léirigh 'Simon' agus ba é Stori Creative a léirigh 'Soulmate Wanted'. Tá premiere sceidealaithe i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin don bheirt acu i Mí Samhain na bliana 2022 ag Pictiúrlann Lexicon Dún Laoghaire.

5.4 Naisc na Forbartha Seachtracha

5.4.1 Malartuithe Mac Léinn Erasmus+

Le linn na bliana 2021/2022, tháinig seachtar mac léinn Erasmus is fiche chun staidéar a dhéanamh ag an IEDT; áiríodh ar na tíortha tionscnaimh:

• An Bheilg	1
• Fhrainc	8
• An Ghearmáin	9
• An Iodáil	3
• an Phortaingéil	2
• An Spáinn	2
• An Ísiltír	1
• An Ríocht Aontaithe	1

I measc na réimsí staidéir bhí: Beochan, Ealaín, Dearadh don Stáitse agus don Scáileán, Amharc-Chumarsáid, Déanamh Múnlaí, Staidéar ar na Meáin Nua, Scannán agus Teilifís, Bainistíocht Ealaíon, Grianghrafadóireacht, Béarla, Léann na Meán agus Cultúrtha, agus Fiontraíocht Fheidhmeach.

5.4.1 Malartuithe Mac Léinn Erasmus+ (ar lean)

Le linn 2021/2022, chuaigh 49 mac léinn IADT thar lear le staidéar a dhéanamh. Is iad na tíortha a bhí mar chinn scríbe ná:

• An Bheilg	1
• an Chróit	1
• an Eastóin	1
• an Eastóin	4
• An Fhrainc	3
• An Ghearmáin	4
• An Ungáir	9
• An Iodáil	7
• An Pholainn	1
• An Spáinn	10
• An Ríocht Aontaithe	3

I measc na réimsí staidéir bhí: Ealaín, Léiriú Scannán agus Teilifíse, Grianghrafadóireacht, Bainistíocht na nEalaíon, Fiontraíocht agus Bainistíocht, Staidéar ar na Meáin Nua, Dearadh don Stáitse agus don Scáileán, Léiriú an Cheoil Chruthaithe agus Amharc-Chumarsáid .

Reáchtáladh 12 de Thráchtálacha Mac Léinn Erasmus le linn na bliana acadúla ó chlár staidéir ar nós: Cumarsáid Amharc, Staidéar ar na Meáin Nua, agus Dearadh don Staid agus don Scáileán, chuig na cinn scríbe seo a leanas:

• An Ghearmáin	6
• An Ungáir	1
• An Spáinn	4
• An tSualainn	1

Ina theannta sin, reáchtáladh ocht dTréimhsí Oiliúna Céime an Erasmus san iomlán le linn na bliana acadúla ó chlár staidéir ar nós: Ealaín, Grianghrafadóireacht, agus Dearadh don Stáitse agus don Scáileán, chuig na cinn scríbe seo a leanas:

• An Fhionlainn	1
• An Ghearmáin	1
• An Íoslainn	1
• An Iorua	3
• An Spáinn	2

5.4.2 Malartuithe Foirne Erasmus+

Thaistil beirt bhall foirne Acadúla chomh maith le 7 mac léinn lan EDT go dtí Aalto na Fionlainne chun ceardlann a sheachadadh sa Réaltacht Fhíorúil.



John Kilroy, Founder & CEO of Digital Learning Institute with his team

5.5 Forbairt Fiontair

5.5.1 Ciúb na Meán

Lean Ciúb na Meán i rith na blianan 2021/2022, le tacaíocht a thabhairt do chruthú agus d'fhorbairt gnólachtaí nua-thionscanta ar ard-acmhainneacht trí mheantóireachta a chur ar fáil dóibh agus trí rochtain ar líonraí tacaíochta éagsúla an fhiontair a éascú dóibh. I rith na bliana 2021, bhí tionchar ag an bpaindéim agus ag an éiginnteacht a tháinig ina dhiaidh ar ghnólachtaí Chiúb na Meán, agus chuaigh go leor acu faoi thiontaithe suntasacha.

Faoin gcéad ráithe de 2022, tháinig an muinín ar ais arís agus d'fhill Ciúb na Meán ar ghníomhaíochtaí suímh le mórán dá chuid chliaint. Bhí an foirgneamh ar ais ar áitíocht 100% ag deireadh na bliana 2021, agus d'fhan sé ag an leibhéal sin le linn na bliana 2022. Tá clár na n-imeachtaí ar ais ina iomláine, agus leantar ag tairiscint na dtacaíochtaí do chliaint Ciúb na Meán i bhfoirm na meantóireachta duine le duine, sí sin, clinicí agus rochtain ar an leabharlann chuimsitheach na n-acmhainní nuathionscanta. Faoin maoiniú a fuair sé ó Chiste 'Cumhacht na Réigiún' de chuid Fhiontraíocht Éireann, chuir Ciúb na Meán clár iomlán an athchóirithe aige i gcrích le linn

na bliana 2022, lena n-áirítear suiteáil an leathanbhanda feabhsaithe agus athchóiriú áiseanna an phobail.

I measc na n-éachtaí gnóthaithe ag gnólachtaí Ciúb na Meán le linn na bliana 2021/2022, bhí:

- **Capella:** Le linn na bliana 2022, lean Ardán Capella le haghaidh Oibriú Hibrídeach ar aghaidh ag forbairt, le gnéithe nua maidir leis an Sláinte agus leis an Sábháilteacht Hibrídeach mar chuid díobh, agus leis tuairisciú léargasach a chur ar fail mar thacaíocht do bhainisteoirí tuiscint a fháil ar an Oibriú Hibrídeach laistigh dá gcuid eagraíochtaí amach anseo. Áirítear ar chonarthaí custaiméara is déanaí Capella ranna rialtais, cuideachtaí árachais, gnólachtaí dlí agus meascán na ngnólachtaí, idir beag agus mór. Tá an gnó i mbun an babhta réamhshíl a chur i gcrích le meascán d'infheistíocht phríobháideach ó SAM agus de mhaoiniú Gnólachtaí Nua-Ahionscanta ar Ard-Acmhainneacht, agus tionscadail le hioncam bliantúil €10m + á bhaint amachacu laistigh den chúig bliana atá romhainn.





Ian Kiely, CEO of Drone Consultants Ireland

5.5.1 Ciúb na Meán (ar lean)

- **Digital Learning Institute:** Déanann an Institiúid um Fhoghlaim Dhigiteach, faoi stiúir John Kilroy, an bhearna scileanna domhanda i ndearadh na foghlama digítí a líonadh chun slí bheatha corporate clients include Boston Scientific, Vodafone, Zendesk, Primark, NHS and Three. This year, DLI announced a new partnership with Corporate College in the US. Corporate College is a US-based institution that provides professional development training to individuals and organisations. Digital Learning Institute have been working in 2022 on a new module on Immersive Learning and the Metaverse which they are launching in Q4 2022.
- **Drone Consultants Ireland:** Faoi stiúir a Phríomhfheidhmeannaigh Ian Kiely, tá Drone Consultants Ireland dírithe go príomha ar fhorbairt drón, ag baint úsáide as sonraí spásúlacha chun tionchar a imirt ar réitigh na margadh amach anseo. Tá an fhoireann ag obair faoi láthair mar chuid de chuibhreannas Eorpach maidir le GONAV IoT, algartam agus foireann sliseanna suite ar ardchruinneas arna fhorbairt i gcomhar le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE). Cuirfidh an teicneolaíocht ar chumas iontaofa suíomh fíor-ama líon iomadúil na ndrón a aimsiú thar réimsí ollmhóra. Arna thacú ag an GSE, seolfar an GEOAV IoT go hIdirnáisiúnta i gCiúb na Meán go luath sa bhliain 2023, . Táimid tar éis maoirsiú a dhéanamh ar staidéar Francach-Éireannach maidir le bealaí a aithint chun úsáid níos fearr a bhaint as sonraí spásúlacha le haghaidh dróin a oibriú go huathrialach agus le haghaidh cur síos a dhéanamh ar riachtanais líonra na satailíte do Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa sna blianta le teacht. Leis an tacaíocht a fuaireamar ó Chomhairle Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus ón IEDT, táimid dírithe faoi láthair ar chuan Dhún Laoghaire.
- **Education Elephant:** Tá an Education Elephant (Eilifint an Oideachais), gnólacht nua i gCiúb na Meán ó dheireadh na bliana 2021 ag dul i neart. Geallann an Education Elephant tacaíocht a thabhairt d'oideachasóirí ar fud an domhain lena chinntiú go mbeadh rochtain éasca acu ar uirlisí measúnaithe, ar acmhainní an ranga, ar an bhforbairt gairmiúil agus ar idirghabhálacha na mac léinn. I mbliana, tá beirt bhall foirne nua fostaithe ag an ngnólacht agus tá sé beartaithe acu beirt nó triúr eile a earcú roimh dheireadh na bliana 2022. Tá sraith dhigiteach d'uirlisí

5.5.1 Ciúb na Meán (ar lean)

sícméadracha nuálacha an measúnaithe á fhorbairt ag an ngnólacht faoi láthair agus tá suim ag roinnt cuideachtaí idirnáisiúnta i gcomhpháirtíochtaí a chur le chéile léi. Tá méadú tar éis teacht ar ioncaim iomlán na gnólachta agus leathnófar le leathnú an ghnó go margaí domhanda eile sa bhliain 2023. Is alumnus ar an gclár New Frontiers í Rebecca Good, Stiúrthóir Oideachais Eilifint agus is comhghleacaí nua againn í i gCiúb na Meán ó dheireadh na bliana 2021.

- **Everhaze:** Tá Everhaze, ardán nua an Chaidrimh Phoiblí (CP) do ghníomhaireachtaí agus foirne na cumarsáide a seoladh níos luaithe sa bhliain, dírithe ar luasghéarú a dhéanamh ar chlaohlú digiteach an tionscail an CP ar fud an domhain. Arna sheoladh ag Cúbóirí, James McCann agus Cormac Glynn, feidhmíonn sé mar phríomhardán d'fhoirne an Cp chun feachtais PR ionas go mbeidís in ann pleanáil, feidhmiú agus a anailísiú laistigh den tír nó go hidirnáisiúnta trí léargas na foirne, na gcliant, na n-iriseor agus léargais an

fheachtais a chomhcheangal i ndeais inrochtana amháin. Arna spreagadh ag an ngá atá le bonneagar digiteach níos fearr a chur ar fáil d'earnáil an Chaidrimh Phoiblí, díríonn Everhaze ar mhaoirseacht fhabhasaithe a thabhairt d'fhoirne an CP ar fheachtais na gcliant, ar bhainistíocht na n-acmhainne, ar theagmhálacha leis na meáin, agus ar an anailísiúcht ar fad laistigh de thaithí iomasach an úsáideora.

- **Gladcloud:** Séard atá i Gladcloud ná Oll-Ardán um Mhargaíocht na Trádála ar na Meáin Shóisialta (B2B2C) le haghaidh brandaí Domhanda nó Náisiúnta feachtais Margaíocht na Trádála a chur i mbun gníomhachta ar scála áitiúil. Tógadh an t-ardán go sonrach le haghaidh brandaí a dhíolann earraí nó seirbhísí trí líonraí móra na gcustaiméirí trádála faoi úinéireacht neamhspleách, ar nós Deochanna Alcacha le Tithe Tabhairne, Cosmaidí Gairmiúla le Salóin, SeirbhísíSeachadadh Bia le Bialanna, chomh maith le mórán earnálacha ábhartha móra eile. Tá socraithe fadtéarmacha i bhfeidhm ag Gladcloud le Diageo, le Uber Eats agus le Puig, agus tá píolótaí á gcur chun cinn aige le brandaí ar fud mórán

5.5.1 Ciúb na Meán (ar lean)

earnálacha agus mórán limistéar geografach. Go dtí seo, tá €1M bailithe ag an ngnólacht chun an t-ardán a fhorbairt agus chun trialacha íoctha a thabhairt chuig socraithe foirmiúla maidir le hloncam Athfhillteacha Míosúla don chéad uair. Beidh Maoiniú Uas-Scála €1.5M á bhailiú ag an ngnólacht i R1 na bliana 2023, chun forbairt inmheánach na n-acmhainní a fheabhsú agus chun foirne Forbartha Gnó In-Mhargaidh, na gCliaint agus Rathúlacht na Ceannaithe a imscaradh lena rolladh amach thar earnálacha agus thar limistéir geografaigh nua,

- **HYPH (Xhail roimhe seo):** Is teichnólacht nua-thionscanta é HYPH atá dírithe ar thionscail an cheoil agus na siamsaíochta, le hoibríochtaí i mBaile Átha Cliath, i Nua Eabhrac, i Stócólm agus i Los Angeles. Tá teicneolaíocht dílsithe forbartha ag HYPH a athróidh go deo ar an mbealach a chruthaítear, a roinntear agus a mbaintear taitneamh as an gceol. Ag deireadh na bliana 2022, seolfaidh HYPH feidhmchlár tomhaltóra a thabharfaidh deis d'éinne ar

bith, beag beann ar a chumas, na léirithe fuaime is fearr ar domhan a chruthú agus á roinnt leis an domhan ar fad. Tá infheidhmeacht fhairsing á thairiscin ag an teicneolaíochta atá mar bhunús le paitinní na gnólachta i mórán tionscail, lena ná - áirítear scannánaíocht agus teilifís, fógraíocht agus fógraí, feachtais fógraíochta na scannán agus ne réamhfhógrán, cearrbhachas, na meáin shóisialta agus seirbhísí Gréasáin. Oibríonn an ghnólacht le healaíontóirí ar fud an domhain, agus ag tacú leo chomh maith, trí dheiseanna giniúint an ioncaim inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh.

- **Safecility:** Cuidíonn Safecility le foirgnimh agus leis an mbonneagar a thógáil sa Néaltacht. Baineann sí úsáid as braiteoirí nua-aimseartha chun tástáil na sábháilteachta dóiteáin, léamh na méadar agus bainistíocht na bhfoirgneamh a uathoibriú. Baineann an teicneolaíocht aici laghdú suas le 50% amach ar na costais agus feabhsaíonn sí tuairiscí an Rialachais Chomhshaoil, Sóisialta agus Corparáideach (RSC). Tá Safecility ag obair le Dean School Foundation i Cheltenham le haghaidh



Derek McNamara, CEO & Founder, Sports Asset Management

5.5.1 Ciúb na Meán (ar lean)

tástáil uathoibríoch an tsoilsithe éigeandála a fheistiú ar a gcuid scoileanna agus a gcuid naíolanna i Sasana. Feabhsóidh a leithéid sábháilteacht na ndaltaí agus bainfidh sé laghdú míosúil 35% san iomlán amach ar chostas na cothabhála. I mí Mheán Fómhair, tosóidh an ghnólacht ag obair ar thionscadal arna mhaoiniú ag an UFFÉ le hOllscoil Luimnigh agus le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag scrúdú conas is féidir le teicneolaíocht chliste éifeachtúlacht an fhuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh níos sine. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal dhá bhliain seo córas Táscaire Ullmhachta Cliste an AE a chur i bhfeidhm laistigh de Cheantar Seirseach stairiúil na cathrach.

- **Sports Assets Management:** Tugann Sports Asset Management na mílte pointe sonraí le chéile i ngraif, i ngréillí nó i bhfíseáin ar bhealach atá éasca le tuiscint. Thógamar an t-ardán anailíse againne sa chaoi seo iina mbeadh slí ag imreoirí, ag cóitseálaithe agus ag foirne tomhas éifeachtach a dhéanamh ar a gcuid

feidhmíochta. Déanann Sports Asset Management anailís ar ghearrthóga scannáin ar an gcluiche chun ní hamháin an méid á dhéanamh ag gach imreoir sa chluiche a aithint ach cé chomh maith agus a chuaigh a chuid idirghníomhaíochta le gach céile imeartha aige sa chluiche chomh maith. Trí anailís a dhéanamh ar an gcluiche ar an mbealach seo, is féidir linn an fheidhmíocht a thomhas, cabhair a thabairt d'ullmhú níos fearr na foirne don chluiche agus buanna na n-imreoirí le teacht a réamhthint níos fearr. Beidh babhta infheistíochta €400,000 ar siúl ag Sports Asset Management chun tacú le seoladh an ardán anailíochta do chliant i R3 na bliana 2022. Sé Derek McNamara atá mar Phríomhfheidhmeannach agus ina Bhunaitheoir ar Sports Asset Management agus ba chomhalta nua de Chiúb na Meán é i R2 na bliana 2022.

- **The Diabetes Dept.:** Cuireann an Diabetes Department cláir thábhachtacha um chosc ar ghalair ainsealacha ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil os cionn 200 fostaí acu agus in aois 40+ bliain iad ar an mean.



Siobhan Dee, The Diabetes Dept. With Thomas and David Coleman, Zendra Health



Matthew Egan, CEO and Founder of VenueSearch, Laura Byrne, Head of Corporate Business & Events, Mella Carron, Intern VenueSearch, Student of New Media Studies, IADT

5.5.1 Ciúb na Meán (ar lean)

Sheol an Diabetes Department an aip agus clár na folláine Ignition Go i Mí Bealtaine agus tá scéim phiolótach ar ardskála íoctha á sheachadadh aici faoi láthair in Iarnród Éireann. Tá 350 fostaithe ag baint úsáide as an aip a tógadh i gcomhar lena comh-Chiúbóirí, Zendra Health. Tabharfaidh Bord Caighdeán Sábháilteachta Iarnróid na RA tuarascáil neamhspleách ar an tionscadal i Mí Nollaig'na bliana 22, d'fhonn á mholadh ar fud chóras Iarnróid na RA. Tá an Diabetes Department i mbun plé faoi láthair le roinnt eagraíochtaí móra le meánaois 40+ bliain na bhfostaithe acu, an margadh is oiriúnai dá cuid táirgí. Tá beirt fostaithe páirtaimseartha ag an Diabetes Department faoi láthair agus tá sé beartaithe go mbeidh 2023 mar bliain na hinfheistíochta, an uascálaithe agus an fháis aici.

- **VenueSearch:** Is ardán gréasáin é VenueSearch a cheanglaíonn pleanálaithe cóisire agus gnólachtaí le hionaid iontacha chun raon leathan taithí agus imeachtaí corparáideacha agus príobháideacha ar leith

a óstáil. Cuireann VenueSearch seirbhísí margaíochta digiteacha agus forbairt gnó den scoth ar fáil d'ionaid chomhpháirtíochta le haghaidh lucht éisteachta ar ardbhaint atá 'réidh le cur in áirithe'. Le tabhairt isteach na teicneolaíochta tairisí áirithe nua ceann-go-ceann de chuid VenueSearch, arna seoladh ag deireadh R3 na bliana 2022, cuireann an ghnólacht infheictheacht iomlán ar fáil ar thuras an chliant óna bhunthaighde go fiosrúchán go dtí an áirithe dheimhnithe. Cuireann an teicneolaíocht seo ar chumas an ionaid áirithe na n-imeachtaí a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí le sonraí ar thréimhsí ama agus ar rátaí comhshó an fhreagra ar fáil láithreach, chomh maith le bheith in ann na réimsí siúd a bhfuil ag éirí go maith leo na hionad chun ioncam a uasmhéadú a aithint láithreach agus/nó dá bharr sin nuair nach féidir tairiscint an ionaid an méid lena bhfuil an cliant ag súil a bhaint amach. Tá Matthew Egan, POF agus Bunaitheoir VenueSearch ina alumnus ar an gclár New Frontiers agus ina chomhalta nua de Chiúb na Meán ó dheireadh na bliana 2021 i leith.

5.5.1 Ciúb na Meán (ar lean)

- **Zendra Health:** Rinne na bunaitheoirí Thomas agus David Coleman cur chuige "Shopify" a fhorbairt le haghaidh na Sláinte Dhigití, a chuireann ar chumas seirbhísí cúram na sláinte agus gnólachtaí an LeigheasTeic an nuálaíocht inmheánach a bhaint amach trí ardán sláinte digiteach atá réidh le chéile a chur ar fáil chun a gcuid bealaí an chúraim a dhigitíú. Tá os cionn 50 cliant cúram na sláinte agus an LeigheasTeic ag baint úsáide as teicneolaíocht ghradamtha Zendra chun feabhas a chur ar chomhordú an chúraim ar fud na seirbhísí, na liostaí feithimh a laghdú agus na hothair a chumasú chun bainistiú a gcuid chúraim a fheabhsú. Tá Zendra gníomhach i margaí na SA, an RA agus na hÉireann i réimsí na Meabhair-shláinte, Cúram na Seandaoine, an Chúraim Athshlánaithe, na Folláine agus na Néareolaíochta agus tá sé díreach tar éis leathnú isteach i margadh na Spáinne. Tá Diabetes Department, a Comhchomhalta de Chiúb na Meán agus a comhcheannródaí na Sláinte Corparáidí agus an Phobail, ar cheann de chliant Zendra Health.
- **ZiggyTec:** Baineann ZiggyTec úsáid as an teicneolaíocht is déanaí na réadmhaoine le

haghaidh sonraí ríthábhachtacha a thomhas, a mhonatóiriú agus a thuairisciú laistigh den ionad oibre, amhail úsáid na bhfóntais, cáilíocht an aeir faoi dhíon, comhlíontacht bearta an Legionella agus cúinsí eile na timpeallachta. Cuidíonn sé seo leis an gcliant an ionad oibre aige a fheidhmiú níos cliste, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe trí rochtain a thabhairt dó ar shonraí atá cruinn, iontaofa agus comhsheasmhach mar thoradh ar úsáid a bhaint as tairseach pearsantaithe Néaltacht-bhunaithe. Freastalaímid ar liosta atá ag dul i méad de chliant gorm-sliseanna agus na bhFiontar Beaga agus Meánmhéide i seirbhísí na réadmhaoine, i seirbhísí airgeadais, i seirbhísí gairmiúla, san earnáil phoiblí agus a thuilleadh. Ba mhaith linn cabhrú le héinne ar spéis leis leas a bhaint as cumhacht teicneolaíochta an IoT (Gréasán na Rudaí) chun a thimpeallacht oibre a fheabhsú.

5.5.1.1 Alumnaíthe Ciúb na Meán

A number of Media Cube graduates enjoyed success during 2021/2022, including:

Equine MediRecord - Bhunaigh Pierce Dargan, Simon Hillary agus Finlay Dargan Equine MediRecord, ardán digiteach do phóraitheoirí agus oiliúnóirí capall, sa bhliain 2016. Tá tarraingt idirnáisiúnta

5.5.1.1 Alumnaithe Ciúb na Meán (ar lean)

bainte amach ag an ardán Equine MediRecord in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus san Araib Shádach le cliaint lena n-áirítear Craobhchomórtais Dhomhanda Chorn na bPóraitheoirí, Corn na hAraibe agus an Rás Clasaiceach Meiriceánach Preakness Stakes. Sa bhliain 2022, bhailigh Equine MediRecord maoiniú os cionn €10m ó ghnólacht cothromais phríobháidigh ó SAM le leathnú ar fud an domhain. Tháinig an infheistíocht ón ghnólacht cothromais phríobháidigh as Chicago, Merit Holdings, tríd an ardán infheistíochta Inova Group Holdings acu a cheannaigh Business Infusions roimhe seo, an grúpa bogearraí tréidliachta eachaí is mó ar domhan. Rachaidh Equine MediRecord isteach sa ghrúpa Business Infusions freisin. Chríochnaigh Pierce clár na dTeorannacha Nua ag Ciúb na Meán san IEDT sa bhliain 2017.

- **Fused** - Réimse de bhunriachtanais chócaireachta na hÁise is ea Fused, arna cruthú ag an gcócaire teilifíse agus údar na leabhar cócaireachta Fiona Uyema, a chríochnaigh clár na dTeorannacha Nua ag Ciúb na Meán sa bhliain 2017. Áirítear ar

raon gradamtha Great Taste (Sárblas) anlainn suaithfhriochta, taois curaí, agus comhábhair réidh mionghearrtha. Déantar táirgí Fused as comhábhair 100% nádúrtha, gan aon siúcraí scagtha, agus gan aon chomhábhair agus leasaitheigh shaorga. Sheol Fused raon nua tarsainn le déanaí, lena n-áirítear Fused Katsu Curry Ketchup (Citseap Curaí Katsu) agus Japanese Style Hot Sauce (Anlann The ar nós na Seapáine), le 100% den bhrabús ag dul go díreach i dtreo iarrachtaí faoisimh na hÚcráine de chuid Chrois Dhearg na hÉireann. Tá na anlainn ar fáil i Lidl, i SuperValu agus i Dunnes Stores ar fud na tíre, i miondíoltóirí neamhspleácha agus ar líne.

5.5.2 Clár na dTeorannacha Nua

Is príomh-chlár forbairt na fiontraíochta in Éirinn é Clár na dTeorannacha Nua, arna mhaoiú ag Fiontraíocht Éireann. Ba é 2021/2022 an chéad bhliain den chomhpháirtíocht nua cúig bhliain idir Ciúb na Meán de chuid an IEDT agus NovaUCD chun Clár Teorainneacha Nua a chur ar fáil d'fhiontraíthe, agus an IEDT ag feidhmiú i ról an phríomh-pháirtí. Sí cuspóir an chláir fiontraíochta seo fás na ngnólachtaí nuálacha a bhfuil an cumas acu uas-scálú chuig an leibhéal


5.5.2 Clár na dTeorannacha Nua (ar lean)

idirnáisiúnta a bhaint amach a bhrostú. Tar éis Céim 1 a rolladh amach go rathúil go dtí 35 chuideachta nuathionscanta i R4 na bliana, 2021, díriodh obair na bliana 2022 ar Chéim 2 den chlár. Ghlac 12 ghnólacht san iomlán páirt i gCéim 2 den chlár, ar chríochnaigh i R3 na bliana 2022. Tosaíonn an dara bliain den chlár ag an ma céanna i R3 na bliana seo. I measc iad siúd a nglac páirt i gCéim 2, bhí:

- **EduaOrg:** Bhunaigh Nessa Maguire agus Allison Kuschel EudaOrg, an chéad sraith bogearraí um bhainistíocht na hÉagsúlachta, an Chomhionannais agus na Lánpháirtíochta (ÉCI) ar líne d'fhostóirí. Sé Rishabh Chandaliya Príomhfhóbróir EudaOrg agus tá Fearghal Kelly ag obair ann mar Chomhairleoir. Seolfar an chéad táirge, do bhainisteoirí an ÉCI, i Mí Nollaig na bliana 2022,, an dara táirge ina dhiadh sin dírithe ar gach fostaí i Mí Aibreán na bliana 2023 agus táirge bainistíocht ÉCI na soláthraithe go luath sa bhliain 2024. Tá siad ag obair i gcomhar le Learnovate i gColáiste na Tríonóide chun taighde a dhéanamh ar an dea-chleachtas i bhfoghlaim an ÉCI. Mar thoradh ar a gcuid oibre chomhairlí leantaí san ÉCI, tá siad in ann páirt a ghlacadh i roinnt tionscadal spreagúil, lena n-áirítear an chéad

Tuarascáil Tionscail faoin ÉCI san earnáil BithChógasCheim in Éirinn a sheolfar i Mí Dheireadh Fómhair na bliana 2022.

- **SideTeams:** Tá SideTeams san áit cheart chun leas a bhaint as saol nua iar-phaindéimeach na cianoibre. Tá tuilleadh daoine míshásta leis an obair thraidisiúnta agus poist iolraigh á n-bair acu, trí mhaingearacht ar an taobh agus trí gheilleagar an jaibín, le béim láidir ar sholúbthacht an sceidil agus ar an gcianobair. Sé SideTeams an t-ionad ilfhreastail, Intleacht Shaorga-tiománta an éiceachóras agus an phobail do ghnólachtaí nuathionscanta, d'fhiontraithe ionchasacha, do thógálaithe na dtáirgí, don lucht cruthaithechta, do mhic léinn, do mheantóirí agus d'infheisteoirí, chun dul i dteagmháil agus chun obair i gcomhar lena chéile ar bhealaí nár bh fhéidir go dtí seo. Tá SideTeams ag cur ar chumas na ndaoine an chothromaíocht oibre/saoil acu féin a rialú agus a shaincheapadh. Tá sé mar aidhm ag SideTeams a bheith ina éiceachóras na fiontraíochta is éagsúla, is nuálaí, is éifeachtaí agus is gníomhaí ar domhan, áit a mbaintear amach sárfeabhas gach lá mar thoradh ar chumhacht an chomhoibrithe.



Aimee Burke, winner of the 'Most Developed Business Concept' Prize

5.5.2 Clár na dTeorannacha Nua (ar lean)

- **TaxZap:** Is feidhmchlár gréasáin um uathchomhdú cánach é TaxZap a ligeann dúinn na praghsanna is ísle sa mhargadh a ghearradh. Is féidir le hoibrithe ÍMAT comhdúithe cánach a chur isteach i níos lú ná 60 soicind agus €1,037 ar an meán a éileamh ar ais. Is féidir le húnéirí na ngnólachtaí beaga tuairisceán cánach ioncaim a chomhdú ar bheagán de phraghas an chuntasóra thraidisiúnta. Rinneadh ollchóiriú iomlán le déanaí ar bunachar sonraí an fheidhmchláir chuíl de chuid TaxZap agus tá córas Bainistíocht Caidreamh na gCúistiméirí (BCC) féin na ngnólachta tógtha ar leith acu don tionscal cánach. Bhuail an ghnólacht le déanaí garsprioc an 20,000ú cliant aici óna seoladh agus tá babhta infheistíochta ar siúl aici faoi láthair atá €250,000 á lorg aige.

5.5.3 Dianchampa Fiontraíochta na Mac Léinn 2022

I Mí Eanáir agus i Mí Feabhra na bliana 2022, reáchtáil Ciúb na Meán a Dianchampa Bliantúil Fiontraíochta na Mac Léinn de chuid an IEDT aghaidh le duine i gCiúb na Meán. D'oibrigh rogha mac léinn an IADT le foireann meantóirí ó ghnólachtaí Chiúb na Meán agus le hionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann, Oifig Fiontair Áitiúil Dhún Laoghaire Ráth an Dúin

(OFÁ), agus Banc na hÉireann chun a gcuid smaointe gnó a fhorbairt agus a bheith 'réidh le léiriú' le haghaidh infheistíochta. Ba é ócáid deiridh an Dianchampa ná 'Elevator Pitches (Léirithe Ardaithe)' na mac léinn don phainéal, lena n-áirítear ionadaithe ó Bhainistíocht Infheistíochta Caipitil Fiontair Enterprise Equity, ó Chiúb na Meán agus ó Roinn Fiontraíochta an IADT.

B'í Aimee Burke, lena siopa ar líne lonnaithe-in-Éirinn éadaí na gleacaíochta, buaiteoir na Duaise 'An Tuairim Ghnó Is Mó Forbartha' ag Dianchampa na bliana 2022. B'iad Bobby Byrne agus Caoilinn Handley (Céimithe ó Léiriú don Scannán agus don Teilifís an IEDT) buaiteoirí na duaise 'Togha na Nuálaíochta' a chuir in aithne dúinn creatlach nua na léiriúcháin scannán dóibh siúd a bhfuil uathachas orthu. Bronnadh duais 'Togha na Léirithe' ar Mella Carron, mac léinn i Staidéar na Meán Nua san IEDT. Fuair Mella meantóireacht ó ghnólacht Chiúb na Meán VenueSearch mar chuid de Dhianchampa na Mac Léinn agus tá sí á fostú acu mar intéirneach ó shin i leith. Cuireadh tús leis próiseas an iarrtais agus an roghnúcháin ar Dhianchampa na bliana 2023 i Mí Samhain na bliana 2022. Rinneadh an dianchampa seo a fhorbairt le haghaidh tuilleadh tacaíochta a thabhairt don fhiontraíocht i measc mac léinn an IEDT ar fud na ndisciplíní acadúla.



5.6 Imeachtaí agus Éachtaí

Comórtas Amhránaíochta (Samhain 2021)

Rinne an IADT Comórtas Amhránaíochta dar teideal “Tús Nua” a réachtáildo mhic léinn na hIdirbhliana agus na Bliana 5 agus na Bliana 6 i Mí Samhain na bliana 2021. Ghlac mic léinn ón BEal (Onóracha) i Léiriú an Cheoil Cruthaithigh de chuid an IEDT páirt i bpainéal na moltóireachta, agus b'iad na buaiteoirí ná: Kasia Emeh ó Mheánscoil Loreto, Baile Brigín; agus Ollie West ó Choláiste Connlaoch, Droichead na Dothra. Tugadh cuireadh do na buaiteoirí na sothair ráthulaigh acu a thaifeadadh i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath le linn Saoire na Cásca agus fuair siad cúnamh ó Fhoireann Léiriúcháin an Cheoil Chruthaithigh.

Crinniú Mhullaigh FilmEU (Meitheamh 2022)

Rinne Scoil Náisiúnta Scannán an IEDT Chruinniú Mullaigh FilmEU a óstáil ón 7 go dtí an 10 Meitheamh 2022. Ba é téama an Chruinnithe Mullaigh ná “Inbhuanaitheacht na hEorpa in Oideachas na Scannánaíochta agus i dTionscal níos fairsinge Ealaíon na Scannánaíochta agus na Meán”. I measc na gcainteoirí ag na seisiúin oscailte, bhí lucht déanamh an bheartais, gairmithe an tionscail, foirne acadúla agus mic

léinn ó gach aird na hEorpa. Léirigh an imeacht an dul chun cinn atá déanta i bhforbairt Thionscadal an FilmEU, agus roinneadh na torthaí leis an bpobal acadúil níos leithne.

5.7 Margaíocht

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, b'iad tosaíochtaí na hOifige Margaíochta ná:

- An Fheasacht a Thógáil
 - An Earcaíocht a Thiomáint
 - An Digiú a Fheabhsú
- **Tógáil na Feasachta** — Reachtáladh feachtas chun branda an IEDT a chur chun cinn agus chun an fheasacht a spreagadh i 6leith na gcúrsaí a chuireann an Institiúid ar fáil. Rinneadh teachtaireachtaí na croíbhrandála a fhorbairt trí fheachtas feasachta agus a leag an béim ar aitheantas ar léith an IEDT a chur in iúl. Chuir an Oifig Margaíochta an IEDT go mór chun cinn ina chuid do bharcheantar, ag díriú ar scoileanna na háite, ar Thaobh Theas Baile Átha Cliath agus ar chomaitéirí an Dart. Thacaigh feachtas fairsing na feasachta sóisialta agus digiteacha leis an bhfeachtas.



5.7 Margaíocht (ar lean)

- **Tiomáint na hEarcaíochta** — Déanann Oifig na Margaíochta an earcaíocht a bhainistiú do na cúrsaí seo a leanas: Fochéimithe, larchéimithe, Teastais agus Springboard (an Lingchláir). Le linn na bliana 2021/2022, rinne an fhoireann Margaíochta féilire imeachtaí a fhorbairt chun cúrsaí IADT a chur chun cinn, lena n-áirítear:
 - ⇒ Ardghanna (Meán Fómhair 2021)
 - ⇒ Seoladh suíomh nua larchéime, lena n-áirítear Seisiún Chúrsa Ceisteanna agus Freagraí, Fiseáin Léachtóra agus próifílí larchéime (Meán Fómhair 2021)
 - ⇒ Laethanta Blaiseadh (Deireadh Fómhair 2021)
 - ⇒ Laethanta Oscailte (Samhain 2021 agus Aibreán 2022)
 - ⇒ Seisiún faoi Aird (Eanáir 2022) - 1,200 mac léinn cláraithe
 - ⇒ Turais ar an gCampas (leanúnach)
 - ⇒ Imeachtaí Sóisialta agus Digiteacha (leanúnach)
 - ⇒ Clár na Scoileanna (leanúnach)
 - ⇒ Ambasadóirí Mic Léinn (Meán Fómhair 2021)

- **Feabhsú Digiteach** — le linn na bliana 2021/2022, reáchtáladh roinnt feachtas digiteach lena n-áirítear:
 - ⇒ ‘Create Your Future’
 - ⇒ ‘Being On’
 - ⇒ ‘Young Women in Film’
 - ⇒ ‘Accenture Leader of Tomorrow’

I Mí Samhain na bliana 2021, rinne an Oifig Margaíochta bainistiú ar chumarsáid, ar bhrandáil agus ar léiriú imeachtaí Shearmanas Bronnta an IADT.

I Mí Meitheamh na bliana 2022, chuir an Oifig Margaíochta imeacht rathúil On Show 22 (Ar an Stáitse 22) ar siúl le haghaidh Taispeántas Mac Léinn an IADT a sheoladh. Chomh maith leis an an méid a bhí ar an leathanach Gréasáin, áiríodh a leithéid a leanas i dtuairiscí na bpreas náisiúnta:

- The Irish Times (leathanach tosaigh + íomhánna an Lae)
- Gné-alt Gréasáin ar RTE.ie
- RTE Radio 1 (Morning Ireland in ‘What the papers say’)
- The Examiner
- The Herald



5.7 Margaíocht (ar lean)

Le linn na bliana 2021/2022, d'fhoilsigh an Oifig Margaíochta iad seo a leana:

- Cárta Poist an LárOifig Iontrál
- Réamheolaire an IADT
- Cairt an Fhoghlaimeora
- Treoirlínte Punainne
- Comhthaobhacht Iarchéime
- Léirithe
- Lámhleabhar na Mac Léinn
- Plean Straitéiseach
- Póstaeir Scoile

5.8 Tionscnaimh/Forbairtí an Champais

5.8.1 Foirgneamh Digiteach Nua

I Mí Samhain na bliana 2017, áiríodh Foirgneamh Teagaisc na Meán Digiteach an IEDT mar cheann d' aon thionscadal déag a aithníodh le haghaidh maoinithe mar chuid de Chlár €200 milliún na gComhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) d'earnáil an ardoideachais. Cuirfidh an foirgneamh an dóthain spás ar fáil chun tacú le cláir chruthaitheacha, dhigiteacha agus teicneolaíochta agus á bhfás, chomh maith le bialann campais 600 suíochán agus spásanna na foghlama neamhfhoirmiúla a chur ar fáil.

Nuair a bheidh an foirgneamh críochnaithe sa bhliain 2022/2023, cuirfidh sé ar chumas an IEDT thart ar 590 mac léinn sa bhreis a ghlacadh.

I Mí Samhain na bliana 2019, rinne an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), próiseas tairisceana don Fhoireann Tionscadail. Aithníodh tairgeoir na tosaíochta i Mí Meán Fómhair na bliana 2020, agus cuireadh tús le hidirbheartaíocht an chonartha.

Le linn na bliana 2021/2022, leanadh le próiseas iomaíoch an idirphlé leis an tairgeoir roghnaithe faoi stiúir an GBCN/GAFN agus an ÚAO. Ceaptar go gcuirfear an tógáil Fhoirgneamh Teagaisc na Meán Digiteacha i gcrích laistigh de 26 mhí.

5.9 Tuarascáil Bainistíocht an Fhuinnimh

5.9.1 Feachtas Feasacht an Fhuinnimh

Le linn na bliana 2021/2022, lean an IADT lena chomhpháirtíocht leis an bhfeachtas de chuid an OOP, Bharrfheabhs na Cumhachta san Ionad Oibre, agus rinne sí roinnt imeachtaí a reáchtáil do Sheachtain Ghlas an Champais ón 8 go dtí an 11 Márta 2022. Díríodh den chuid is mó ar an oideachas maidir leis na sruthanna dramhaíola in-athchúrsáilte ar an gcampas. Reáchtáladh



5.9.1 Feachtas Feasacht an Fhuinnimh (ar lean)

Comórtas na Dramhaíola In-athchúrsáilte, agus ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí seastán eolais ag an imeacht. Áiríodh Friends of the Earth (Cairde an Domhain) ar na haoichainteoirí agus cuireadh taispeántas Samhaltú Cré/na Plandála i láthair. Ina theannta sin, reáchtáladh tráth na gceist ar líne faoin bhfuinneamh chun an fheasacht ar chaomhnú an fhuinnimh a ardú.

5.9.2 Inbhuanaitheacht


I Mí Bealtaine na bliana 2022, cuireadh tús ar an suíomh le Clár Ardoideachais an ÚAO/SEAI in Éifeachtúlacht Fuinnimh agus um i gCeannródaíocht Dícharbónaithe um uasghráduithe éifeachtúlachta an fhuinnimh ar Fhoirgneamh an Atrium, le clár uaillmhianach chun na hoibreacha a chríochnú laistigh de thréimhse 14 sneachtain. I measc na n-oibreacha, bhí:

- Suiteáil caidéal teasa nua chun uisce te baile a théamh;
- Iarfheistiú soilsiú LED ar fud an fhoirgnimh agus suiteáil na mbraiteoirí láithreachtbhunaithe/solas lae;
- Comhláí radaitheora teirmeastatacha a shuiteáil ar gach radaitheoir;

- An clúdach dín agus insliú os cionn na Leabharlainne a bhaint agus a athsholáthar; insliú breise a shuiteáil thar shileálacha tríú hurlár an fhoirgnimh;
- Insliú breise a shuiteáil thar uasteorainneacha tríú hurlár an fhoirgnimh;
- Athchóiriú na bhfuinneoga lochtacha, séalú timpeall na bhfuinneoga agus cothabháil agus athsholáthar an troscáin fuinneoige;
- Suiteáil lasca uathchumhachta i ngach saotharlann ríomhaireachta;
- Méadar seiceála a shuiteáil ar na príomhfhóntais chun monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid feidhmíochta;
- Suirbhéanna íomháithe teirmeach agus aerdhíonachta a dhéanamh, lena n-áirítear aon oibreacha áitiúla a dtagann as na suirbhéanna .
- Suiteáil painéal rialaithe Córas Bainistíochta Ceallraí (CBC) nua do na caidéal teasa, agus monatóireacht a dhéanamh ar na méadair seiceála thar úsáid an fhuinnimh, thar an teocht srl.

Fuair an tionscadal deontas €450,000 i dtreo chostas iomlán an tionscadail. Déanfar monatóireacht ar na torthaí sna blianta beaga amach romhainn d'fhonn aon choigilt fuinnimh a baineadh amach a aithint.

Energy Use kWh	2022	2021	2020	2019	2018	2017	2016	2015	2014	2013	2012	2011
Gas	2130000	2275788	2147267	2286567	2379600	2266009	2090151	1949765	1720395	2202143	1921221	1600379
Electricity	1620000	1445687	1381857	1809565	1939692	1905654	1800975	1736304	1721298	1885562	1812206	1788057



5.8.3 Mionoibrithe

Le linn na bliana 2021/2022, rinneadh na mionoibreacha seo a leanas:

- Uasghrádú ar an CBC sa Chlós
- Ceangal nua an CBC a shuiteáil ar an taobh tosaigh d'Fhoirgneamh na Ceathrúnle chun rialú níos fearr a dhéanamh ar an téamh ar thaobh thuaidh an fhoirgnimh.
- Uasghráduithe inmheánacha a rinneadh ar roinnt seomraí i bhFoirgneamh na Ceathairuilleoige agus an Atrium.
- Athsholáthar na suíochán sna ceithre sheomra ríomhaireachta i bhFoirgneamh Charraig Liath agus i roinnt oifigí foirne.

5.8.4 Ídiú Fuinnimh

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, b'ionann ídiú an leictreachais agus thart ar 1,620 MWh, laghdú 12.3% ón mbliain bhonnlíne 2018/2019. Tharla a leithéid mar thoradh ar an laghdú ar líon na mball foirne agus na mac léinn ag freastail ar an gcampas le linn srianta leanúnacha paidéime an COVID-19. Ba thart ar 2,130 KWh é ídiú an gháis le linn na bliana 2021/2022, 5% níos airde ná an bhliain bhonnlíne 2018/2019. Tharla a leithéid mar

gheall ar rialú teasa, mar a d'fhill an fhoireann agus na mic léinn, agus mar gheall ar an aimsir níos teo ag an am. Mar sin féin, bhí síor-ghá le méadú na haerála le linn na bliana 2021/2022 de bharr na paidéime as a d'eascair laghdú ar an gcoigilt fuinnimh. Tháinig laghdú 10% ar ídiú iomlán an fhuinnimh san Institiúid sa bhliain 2021/2022 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

5.8.5 Freagairt Roinn na nEastát agus na nÁiseanna ar COVID-19

Sa bhliain 2021, fuair Ciúb na Meán deontas faoi Chumhachtú na Réigiún le haghaidh gnéithe bonneagar an fhoirgnimh a uasghrádú. Cuireadh tús leis an obair ar an tionscadal seo i Mí Márta na bliana 2022, le dhá sheomra scíthe nua a chur ar fáil, uasghrádú a dhéanamh ar na limistéir choiteanna, agus an deicáil dín agus an inliú a n-athsholáthar.

Chuaigh an próiseas tairisceana agus tógáil an ceithre cheannbhrait nasctha chun cinn le linn na bliana 2021/2022, le 144 mhéadar cearnach spás clúdaithe seachtrach, mar aon le soilsiú agus soicéid chumhachta á sheachadadh sa deireadh. Bhí an tionscadal seo mar thoradh díreach ar an riachtanas maidir le rogha sheachtrach a chur ar fáil le haghaidh bia, cruinnithe agus foghlama.

5.8.5 Freagairt Roinn na nEastát agus na nÁiseanna ar COVID-19 (ar lean)

I rith na bliana acadúla, suiteáladh aonad nua um láimhseáil an aeir chun aer úr a sholáthar do stiúideo teilifíse 3, agus suiteáladh trí aonad heapascagaire mhóra i Séipéal Aontas na Mac Léinn.

5.10 Bainistíocht Sábháilteachta

5.10.1 Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, d'fhreastail na baill foirne lena mbaineann ar chúrsaí seo a leanas na sábháilteachta (arna reáchtáil go cianda agus go pearsanta):

- Úsáid Rotha Scríobach
- Oiliúint Ceada don Fhreagróir Garchabhrach
- Tástáil Fearais Inaistrithe
- An t-Athrú Saoil san Ionad Oibre
- Feasacht ar Fhéinmharú Safetalk

Ina theannta sin, cuireadh roinnt modúl ar líne ar fáil le linn na bliana acadúla 2021/2022 do bhaill foirne arna seachadadh ag Legal Island sna réimsí seo a leanas:

- Ionduchtú um Fhilleadh ar an Obair i ndiaidh an Covid-19
- Cibearshláidáil (éigeantach)

- Cosaint na Sonraí agus ag obair as baile in Éirinn
- Tú féin a chosaint agus ag obair sa bhaile in Éirinn
- Imní ar Fhilleadh ar an Obair
- Tús Áite do Pháistí - Children First (FSS)

5.10.2 Druileanna Dóiteáin agus Gníomhú Aláram Dóiteáin

Reáchtáladh Druileanna Dóiteáin ar an gcampas i Mí Aibreán na bliana 2022 i bhFoirgnimh an Atrium, na Ceathairuilleoige agus an SNS Dé Máirt an 5 Aibreán idir 2in agus 3.30in; agus i bhFoirgnimh na Seite Seachtraí, na Carraige Liath agus Ciúb na Meán Dé Céadaoin an 6 Aibreán idir 2in agus 3.30in.

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, tharla naoi ngníomhú an aláram dóiteáin san iomlán a ghníomhachtú: ceithre cinn díobh sin de bharr chinn deataigh /aonaid úrnuaicháin aeir lochtacha; ceithre cinn arna spreagadh ag conraitheoirí a bhí ag obair ar an gcampas ag an am; agus gníomhú ceann deataigh sa Stiúideo Maisiúcháin a bhí sa cheann eile. D'fhreastail an Bhriogáid Dóiteáin ar an gcampas ar chúig cinn de na hócáidí seo.

5.10.3 Tuairisciú Reachtúil ar Thimpistí agus ar Eachtraí

Le linn na bliana acadúla 2021/2022, tharla sé thimpiste ar champas an IEDT. Cuireadh cóir ar na páirtithe gortaithe ar an láthair nó sa Roinn Timpiste agus Éigeandála. B'éigean timpiste amháin a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tharla eachtra amháin ar an gcampas le linn na bliana 2021/2022.

5.10.4 Ráiteas na Sábháilteachta

Rinneadh athbhreithniú agus athdhréachtú ar Ráiteas reachtúil na Sábháilteachta i Mí Meitheamh na bliana 2022.



6

Pearsanra

6.1 Líon Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Coibhéiseacha Ama Iomlán (WTE) agus tá poist féin-mhaoinithe iontu amhail an 31 Meán Fómhair 2022:

Chatagóir Foirne	2021/2022
• Acadúil	126
• Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	55
• Seirbhísí do Mhic Léinn	4
• Tacaíocht Theicniúil	15
• Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>10</u>
Iomlán	210

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. Don 2021/2022, b'ionann an tuaslíon agus 226.5 Coibhéis Lánaimseartha le haghaidh IADT maidir le poist croíchistithe.

6.2 Bás sa tSeirbhís

Ar an 23 Bealtaine 2022, cailleadh Patrick (Paddy) McAllister, Cuntasóir Tionscadail, agus é sa tseirbhís. Bhí Paddy ag obair san IEDT só Mhí Feabhra na bliana 2004.

6.3 Comhionannas agus Éagsúlacht

6.3.1 Athena Swan na hÉireann

Séard atá í gCairt Athena Swan ná creat creidiúnaithe a úsáidtear ar fud na cruinne chun tacú le comhionannas inscne agus trasnaíocht san ardoideachas agus sa taighde chomh maith lená n-athrú.

Sa bhliain 2021, tar éis comhairliúcháin náisiúnta, foilsíodh Cairt Athena Swan d'Éirinn. Cuireann an Chairt nua creat ar fáil chun an comhionannas a chur chun cinn san ardoideachas agus sa taighde ar bhealach ar leith i ghomhthéacs reachtaíocht, eagraíocht agus cultúr na hÉireann. Séard atá mar chuspóir aige ná tacaíocht a thabhairt d'obair an chomhionannais inscne atá éifeachtach agus inbhuanaithe don fhoireann agus do mhic léinn agus chun an cumas a thógáil le haghaidh obair an chomhionannais atá bunaithe ar fhianaise ar fud forais an chomhionannais atá cumhdaithe i reachtaíocht na hÉireann. Tá Cairt na bliana 2021 ar aon dul freisin leis na riachtanais a mbaineann le Horizon Europe.

Tá an teagmháil le Cairt Athena Swan ina bhunphrionsabal de straitéis náisiúnta na hÉireann um chomhionannas inscne agus um CÉL san ardoideachas. I bPlean

6.3.1 Athena Swan na hÉireann (ar lean)

Gníomhaíochta Inscne 2018-2020 na Roinne, tá moltaí agus gníomhaíochtaí ar leith a mbaineann le hinstiúidí an ardoideachais maidir le deimhniú Athena Swan agus le hincháilitheacht do mhaoiniú an taighde. Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚÁO) rochtain instiúideach ar fáil ar Athena Swan na hÉirann).

Foireann féinmheasúnaithe (FFM) a d'ullmhaigh iarratas an IEDT ar a raibh ionadaíocht ag baill foirne agus ag mic léinn an IADT. Tá an Bainisteoir CÉL ina chathaoirleach ar choiste an FFM, a thuiriscíonn do Choiste CÉL an Bhoird Rialaithe.

Thar thréimhse 18 mí, chríochnaigh an FFM measúnú cainníochtúil agus cáilíochtúil críochnúil ar thacair shonraí agus ar staitisticí tagarmharcála na foirne agus na mac léinn agus ar bheartais, ar ghnásanna agus ar chultúr na hinstiúide trí dhearcadh na hinscne agus an CÉL.

Mar a luadh cheana sa Tuarascáil seo, bronnadh Gradam Instiúide Cré-umha Athena Swan ar an IEDT i Mí Meán Fómhair na bliana 2022 i ndiaidh iarratas rathúil a chur isteach i mbabhta Mí Aibreán na bliana

2022. Sí an Instiúid an chéad IAO in Éirinn a ghnóthaigh gradam faoi phrionsabail nua de chuid Chairt Athena Swan d'Éirinn.

Tar éis á phlé, ghlac an painéal seachtrach trí chomhréiteach gur léirigh le haighneacht an IEDT na riachtanais chun na critéir Chré-umha a chomhlíonadh mar thoradh ar:

- Cur síos agus aithint a dhéanamh ar na struchtúir agus ar na phróisis reatha agus beartaithe chun tacú le hobair an chomhionannais inscne agus le hobair níos leithne an chomhionannais;
- Aitheantas bunaithe ar fhianaise ar na ceisteanna agus ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ar an Instiúid aghaidh a thabhairt orthu;
- Plean Gníomhaíochta EDI ceithre bhliain chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithníodh.

Mar ábhar tábhachta, thug baill an phainéil faoi deara freisin réimsí ar leith inar cheart monatóireacht ghéar a dhéanamh ar ghnéithe na gníomhaíochta, go háirithe iad siúd a mbaineann le saincheisteanna an chultúir instiúidigh, na bulaíochta agus an chiaptha, agus rinne siad moltaí dearfacha i leith Plean Gníomhaíochta an CÉL.



Ruairí McKiernan

6.3.2 Ciste um Fheabhsú Comhionannais Inscne an ÚAO

I Mí Nollaig na bliana 2021, roghnaíodh an IEDT mar cheann d'fhaighteoirí Chiste um Feabhsú an Chomhionannais Inscne de chuid an ÚAO, atá dírithe ar an gcomhionannais inscne a chur chun cinn in Ardoideachas na hÉireann. Beidh an IEDT i gceannas ar an tionscadal: – “Mná Oibre agus an t-Athrú Saoil: staidéar ar thionchar an athrú saoil ar ghairmeacha sampla de na mná atá ag obair in earnáil an IAO in Éirinn” i gcomhar le IT Sligeach agus le OT Bhaile Átha Cliath.

6.3.3 Imeachtaí an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na Lánpháirtíochta sa bhliain 2021/2022

Reáchtáladh roinnt imeachtaí a bhain le is an CÉL le linn na bliana 2021/2022, lena n-áirítear:

- Mar chuid d'Fhéile Chuimsithe Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, d'óstáil an IEDT díospóireacht phainéil ar Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Sheandaoine na bliana 2022 ar an 13 Deireadh Fómhair 2022. B'é téama plé an phainéil ná “An Saoil Dofheicthe: cá bhfuil na seanmhná le feiceáil sa Scannánaíocht agus sa

Teilifís?”. Mar chomhaltaí an bpainéal, bhí an Dr Susan Liddy (Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach) agus na haisteoirí Éireannacha clúiteacha, Rosemary Henderson, Carrie Crowley agus Geraldine Plunkett.

- Mar chuid den tSeachtain um Fhorbairt na Foirne ar an 28 Deireadh Fómhair 2021, tugadh cuireadh do na baill foirne freastal ar dhá dheis oiliúna an CÉL:
 - ⇒ “Campas Frithchiníoch agus Cuimsitheach a Chothú” – arna léiriú ag Adaku Ezeudo, comhairleoir éagsúlachta agus cuimsithe, oiliúnaí, meantóir agus cóitseálaí.
 - ⇒ “Oiliúint na gCéad Fhreagróra” - arna dheardh chun na scileanna a theastaíonn chun freagairt a thabhairt ar nochtadh an fhoréigin nó an chiall gnéasacha don fhoireann.

Mar chuid de Lá Idirnáisiúnta na bhFear ar an 19 Samhain 2021, tugadh cuireadh don fhoireann páirt a ghlacadh i bplé ar líne dar teideal “Cry Like a Man (Bí ag Gol mar Fear)”, le Ruairí McKiernan (nuálaí sóisialta il-ghradam, cainteoir TEDx, údar agus feachtasóir ar cheisteanna na sláinte agus sóisialta), agus Claire McGinger (Bainisteoir CÉL an IEDT).



Dr Ebum Joseph

6.3.3 Imeachtaí an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus na Lánpháirtíochta sa bhliain 2021/2022 (ar lean)

- Ar Dé hAoine an 21 Eanáir 2022, tugadh cuireadh do na baill foirne freastal ar sheisiún faisnéise ar “Menopause in the Workplace (An t-Athrú Saoil in Ionad na hOibre)”, arna sheachadadh ag Loretta Dignam, bunaitheoir agus POF The Menopause Hub (Mol an Athrú Saoil).
- Mar chuid d’obair an IADT chun feasacht ar mhíchumas agus ar pháirtíocht san ionad oibre a ardú, tugadh cuireadh do bhaill foirne freastal ar sheisiún faisnéise ar líne arna reáchtáil ag Cumann Bodhar na hÉireann, ar “Oiliúint Feasachta na mBodhar agus an Fheasacht ar Acht Teanga Chomharthaíochta na hÉireann” Déardaoin an 10 Feabhra 2022.
- Le haghaidh Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh ar an 9 Márta 2022, arbh é “#BreakTheBias (An Leatrom a Scriosadh)” mar théama air, d’eagraigh an IEDT an dá imeacht seo:
 - ⇒ Labhair Ola Majekodunmi, céimí an IEDT, craoltóir agus saoririseoir, ar “Cén fáth gur chóir go mbeadh

Féiniúlacht Éireannach oscailte do Gach Éinne (Why Irish Identity should be open to all)”.

⇒ Chuir an Dr Ebum Joseph, Comhordaitheoir agus Léachtóir sa COBÁC ar an gcéad mhodúl de chuid Léann na Cine Dubh in Éirinn, ceardlann ar fáil ar “Why Irish Identity should be open to all (An Trasnáocht: nuair a idirghníomhaíonn cine, inscne, aicme agus na trasnaithe eile ar a chéile”.

- Le linn na bliana 2021/2022, chríochnaigh 37 ball foirne agus Oifigeach Aontas na Mac Léinn san iomlán oiliúint ar “Campas Frithchiníoch agus Lánpháirtíoch (Anti-racist and Inclusive Campus)”.

6.3.4 Creat Ceadá

Ag teacht leis na riachtanais náisiúnta, tá an Mheitheal Oibre PROPEL de chuid an IEDT ag obair ar Phlean Gníomhaíochta an IEDT um Dhul i nGleic leis an bhForéigean agus leis an gCiapadh Gnéasach a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá an Bainisteoir an CÉL ina chathaoirleach ar an Meitheal agus tuairiscíonn sé do Choiste CÉL an Bhoird Rialaithe.

6.3.4 Creat Ceada (ar lean)

Éilíonn an ÚAO go gcuirfidh hinstiúidí an ardoideachais tuarascálacha bliantúla fáil a léiríonn an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Creata an . Cuireadh an tuarascáil is déanaí ón Instiúid isteach i Mí Samhain na bliana 2021.

I Mí Dheireadh Fómhair na bliana 2021, ghlac an IEDT páirt i seoladh náisiúnta na huirlise ‘Speak Out (Labhair Amach os Ard)’. Is uirlis tuairiscithe gan ainm é seo don fhoireann agus do na mic léinn sna hInstiúidí Ardoideachais ar fud na hÉireann agus tá sé le feiceáil ar shuíomh Gréasáin an IADT. Go dtí seo, tá sé thuarascáil faighte ag an Instiúid ón bhfoireann agus ó na mic léinn. Tá méadú tagtha ar thuirisciú sa tréimhse i ndiaidh oiliúint um chead agus nochtadh a chur ar fáil don fhoireann agus do na mic léinn.

Cuireadh ceardlanna ceada ar líne ar fáil do gach mac léinn na chéad bliana sa bhliain 2021/22. Chríochnaigh 58% de mhic léinn na chéad bhliana ceann den sé cheardlann na ceada a cuireadh ar fáil. Thuairiscigh tromlach mór na mac léinn a ndearnadh suirbhé orthu aiseolas dearfach ar na ceardlanna agus léirigh siad go raibh suim

acu a gcuid eolais a fhorbairt a thuilleadh sa spás seo.

Ar an 28 Deireadh Fómhair 2021, mar chuid den tSeachtain um Fhorbairt na Foirne, d’oscail an Oifig CLÉ Oiliúint an Chéad Fhreagróra don fhoireann ar fad maidir le déileáil leis an bhforéigean agus ciapadh gnéasach a nochtadh. Ina theannta sin, tugadh oiliúint Consent Plus (Tuilleadh Ceada) d’ambasadóirí mac léinn an First Year Focus (Fócas na Chéad Bliana) mar chuid den chlár oiliúna níos fairsinge acu roimh an mbliain acadúil nua.

bunaithe ar íomhánna. Arna gcruthú ag mic léinn agus ag céimithe Beochana an IEDT, rinneadh “Moving Parts” a fhorbairt i gcomhar le Clár Ceada Gníomhacha de chuid Ollscoil na Gaillimhe agus leis an gClár um Idirghabháil na mBreathnóirí de chuid COBÁC. Is sraith ar leith í seo mar go gcuimsíonn sé guthanna na Gaeilge chomh maith. Rinneadh na físeáin a léiriú le maoiniú a chuir an ÚAO ar fáil, faoi ghlaó ar iarratais a chuireann an Creat Ceada san Ardoideachas chun cinn. Tá na beochana curtha ar fáil réidh d’earnáil ardoideachais na hÉireann agus do shaingh-níomhaireachtaí tacaíochta lená n-úsáid féin.

6.3.5 Staitisticí Inscne mar a bhí ar an 31 Lúnasa 2022

Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne ríthábhachtach do IADT. Aithníonn an Institiúid go bhfuil tearcionadaíocht ag mná ar fud na hearnála ardoideachais agus go mbíonn orthu cur suas le réimse saincheisteanna áirithe, lena n-áirítear claonadh comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach, gnéasachas, freagrachtaí breise mar chúramóirí agus iompar míchuí. Dúirt IADT go poiblí go bhfuil sé tiomanta do champas éagsúil, do dheiseanna a chur chun cinn do gach duine agus d'idirghabháil spriocdhírthe maidir le comhionannas inscne go sonrach.


Féachann IADT le timpeallacht oibre a chur chun cinn atá saor ó idirdhealú ar fhorais stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Tá foireann tiomanta, dea-cháilithe agus dinimiciúil ag IADT a thuigeann agus a scaipeann fíis agus misean na hInstitiúide. Tá ár bhfoireann riachtanach chun fíis agus misean an IADT a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí dearfacha agus gairmiúla maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himheánach agus go

seachtrach, rath leanúnach agus forbairt na hInstitiúide.

I mí Eanáir 2021, chuir an Institiúid dhá iarratas faoi bhráid an Údaráis um Ardoideachas le haghaidh maoiniú ón Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí (SALI). Tá SALI dírithe ar ghníomh dearfach a dhéanamh chun dlús a chur le comhionannas inscne ag gráid shinsearachta acadúla in Éirinn.


Tá baill foirne IADT riachtanach chun fíis agus misean na hInstitiúide a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí agus caidreamh dearfach agus gairmiúil maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himheánach agus go seachtrach, rath agus forbairt leanúnach na hInstitiúide. Tá IADT ag cur ceist an chomhionannais inscne chun cinn go gníomhach ó thaobh foirne agus ó thaobh tacú le himeachtaí mac léinn, i.e. ócáid bhliantúil Young Women in Film. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le líon na foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar an miondealú inscne laistigh den Institiúid sna léaráidí thall.

6.3.5 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2022 (ar lean)



Comhlacht Rialaithe

Mná **50%** Fir **50%**
Mná **9** Fir **9**




Gach Ball Foirne (WTE)

Mná **52%** Fir **48%**
Mná **109** Fir **101**




Foireann Feidhmiúcháin

Mná **33%** Fir **67%**
Mná **2** Fir **4**




Baill Foirne Acadúla (WTE)

Mná **45%** Fir **55%**
Mná **57** Fir **69**



Foireann Bainistíochta

Mná **52%** Fir **48%**
Mná **12** Fir **11**



Baill Foirne Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta (WTE)

Mná **62%** Fir **38%**
Mná **52** Fir **32**

6.4 Éachtaí Foirne

6.4.1 Baill Foirne Neamh-Dháimhe

David Smith

- Ball de Bhord Stiúrthóirí an Chumainn um Ardoideachas Teicneolaíochta (CAOT).
- Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Stiúrtha Inmheánach an CAOT.
- Ball de Bhord Stiúrthóirí EduCampus Services DAC (Seirbhísí Champas an Oideachais).
- Ball de Choiste Bainistíocht Feidhmiúcháin Acadamh de chuid Creative Futures (Tódhchaí Cruthaitheach), tionscadal arna mhaoiniú ag Tionscnamh an Chaipitil Dhaonna (TCD) i gcomhar le CNED agus COBÁC.
- Ball den Choiste Stiúrtha Náisiúnta do COTNTT (NTUTORR) - (tionscadal) Claochlú na hOllscoile Teicneolaíochta Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht.
- Áirítear ar a chuid Bhallraíochtaí Gairmiúla: Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann, Alliance Graphique Internationale, Institiúid na nDearthóirí

in Éirinn; Cumann Idirnáisiúnta na nDearthóirí Clógrafacha, agus an Institiúid na Fógraíochta an Dearaidh Cruthaitheacha.

An Dr Andrew Power

- Ceaptha ar Bhord Comhairleach Fhéile Idirnáisiúnta na Scannán Chiarraí.
- Ceaptha ar Bhord Amharclann an Everyman i gCorcaigh.
- Toghadh ar Chomhairle Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, agus ar Choiste na nEalaíon.
- Ag freastal fós ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann .
- Ag feidhmiú mar cathaoirleacht ar roinnt Painéal Bailíochtaithe na gClár thar ceann CCÉ.
- Ainmnithe ag CAOT chuig Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann
- Ag freastal fós ar Chomhairle Acadúil FilmEU.

Claire McGing

- Ceaptha ina Leas-Chathaoirleach ar Líonra Cleachtóirí Athena Swan na hÉireann ar feadh tréimhse 12 mhí.



6.4.2 Baill Foirne Dámh na Scannánaíochta, na hEalaíne agus na Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Cora Cummins

- ‘On Steady Ground/Unsteady Ground (Ar Thalamh Sheasta/Mhísheasta)’, chomh-thaispeántas i nGailearaí Bardasach dlr Lexicon, Dún Laoghaire (Nollaig 2021).

An Dr Mark Joyce

- Arna bhronnadh Gradam na Athléimneachta na Comhairle Ealaíon (Nollaig 2021).
- Arna bhronnadh maoiniú Amharcealaíona Chultúr Éireann ar thaispeántas Mata Irlandia - Súil na hÉireann i Iacárta na hIndinése (Eanáir 2022).
- Tionscadal an Ealaíontóra Cónaithe do Dhaoine Óga, do Leanaí agus don Oideachais ag Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath (na bliana 2021/2022).
- Ina chomhchoimeáidí ar Mata Irlandia— Súil na hÉireann i Iacárta (Mí Márta na bliana 2022) agus i Iava (Meitheamh 2022) ina comhchoimeádaí.
- Dealbh ‘The Polygonal Arch (An Stua Polagánach)’ arna choimisiúnú ag Comhairle Contae na Mí agus ar taispeánt

ag Scoil Náisiúnta Le Chéile Chill Dhéagláin (Meitheamh 2022)

- Taispeántas aonair ‘Long Time Gone (Imithe le Blianta Fada)’ ag Gealaraí Fenderesky, Béal Feirste (Lúnasa 2022).

An Dr Linda King

- Ag freastal fós ar Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Ag freastal fós mar Chathaoirleach ar Choiste Straitéise agus Rannpháirtíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Ceaptha ar Choiste Comhairleach Saineolaithe do Ghailearaithe Stair na hÉireann de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Comhairleoir don taispeántas: ‘In Our Own Image - Photography and Ireland, 1839 to the present (Inár n-Iomhá Féint - An Ghrianghrafadóireacht in Éirinn ón mbliain 1839 i Leith)’ ag Gealaraí na Grianghrafadóireachta, Caisleán Bhaile Átha Cliath (Samhain 2021).
- Ag freastal fós mar shaineolaí ar an Dearadh, ar an Ealaín agus ar an gCultúr Coitianta, Seó Dave Fanning, Raidió 2FM .
- Tráchtair ar an Dearadh agus ar an gCultúr Coitianta don Ghnó, Raidió RTÉ (Nollaig 2021).

An Dr Linda King (ar lean)

- Ceaptha ar Choiste an Léinn Stairiúil, Acadamh Ríoga na hÉireann.
- 'Eire joins the Nations in the Air: Aer Lingus Advertising in the Popular Press 1936-39 (Éire ina Ball de Náisiún an Aer: Fógraíocht de chuid Aer Lingus sa Phreas Coitianta 1936-39)', arna léiriú ag Siompóisiam na n-Ideagmhálacha agus na gComhoibrithe, COBÁC (Eanáir 2022).
- 'Congo VR - Decolonizing the Congo Panorama (An Congó RF - Díchoilíneacht Lánléargas an Chongó)', i gcomhar leis an Dr Leen Engelen (Coláiste Ollscoile LUCA na Beilge) ag Cruinniú Mullaigh Bhaile Átha Cliath an FilmEU (Meitheamh 2022).
- Panorama du Congo: An ollbholscaireacht choilíneach' i gcomhar leis an Dr Victor Flores (Lufsona na Portaingéile) ag Comhdháil Idirnáisiúnta Counter Image (Frith-íomhá) na bliana 2022 ag Ollscoil NOVA, Liospóin na Portaingéile (Iúil 2022).
- Príomhthaighdeoir ar an tionscadal Erasmus+ Digital Mythologies (An Seanchas Digitheach) i gcomhar le le hOllscoil Aalto (Heilsincí na Fionlainne), Acadamh Ealaíne ASP (Katowice na Polainne), Acadamh Ealaíon VDA (Vilnius na Liotuáine), agus Acadamh Ríoga na Mínealaíne (Antwerp na Beilge).

- Taighdeoir Sinsearach ar thionscadal RIT FilmEU Díchoilíneacht Lánléargas an Chongó, i gcomhar le LUCA (An Bheilg) agus le Lusofna (Liospóin).

Kate Nolan

- 'Comhthaispeántas 'HAVING REGARD (AIRD A THABHAIRT)' arna choimisiú ag Gailearaí Grianghrafadóireacht Éireann Comóradh Céad Bliain na Críochdheighilte sa bliain 2021 (Márta 2022).

An Dr Sorcha O'Brien

- Arna tugadh cuireadh chun léacht a thabhairt ar 'Kitchen Power: ESB Demonstrators and the ICA (Cumhacht na Cistine: Léiritheoirí an BSL agus Bantracht na hÉireann)' don chursa BEol san Eacnamaíocht Bhaile i gColáiste San Aingeal, Sligeach (Márta 2022).
- "Heaven's light for our souls: Domestic Appliances in Irish Country Kitchens during the 1950s and 1960s (Solas na bhFlaitheas dár n-anam: Fearais Leictrigh Baile i gCistineacha Tuaithe na hÉireann le linn blianta na 1950idí agus na 1960idí)', arna sheachadadh ag Cumann Staraithe na hAiltireachta, Pittsburgh, SAM (Aibreán 2022).

•

Dr Elaine Sisson

- An léacht ‘Cultacha, Éadaí agus agus an Cultúr Coitianta in Éirinn le linn blianta na 1920idí’ arna léiriú ag Líonra COST (Comhobair na hEopa san Eolaíocht and sa Theicneolaíocht), Meitheal Oibre EorGhréasáin ar Theicstílí agus ar an bhFéiniúlacht, An Eoraip trí Teicstílí, Ollscoil Vársá na Polainne (Feabhra 2021).
- Sraith 6 phodchraoladh a choimisiúnú agus choimeádú ó lucht acadúil mór le rá ar an stair agus ar an mothúcháin, dar teideal ‘From Grief to Wonder (Ón mBrón go dtí an t-Iontas)’ d’Acadamh Ríoga na hÉireann (Márta go Bealtaine 2021).
- Caint ar líne dar teideal ‘Flappers and Bohemians in the Irish Free State (Flapáilithe agus Bóihéimigh i Saorstát Éireann)’ i Leabharlann Chomhairle Contae Laoise (Bealtaine 2021).
- Feidhmíú mar Chathaoirleach ar phlé comhchéime ar ‘Staging Europe at the Gate Theatre (An Eoraip a Chur ar an Stáitse in Amharclann an Gheata)’ ag Comhdháil Chónaidhm Eorpach na gCumann agus na Lárionad an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Shéarlais sa Phrág (Meitheamh 2021).

- Feidhmíú mar Chathaoirleach ar an bPainéal um Bhreithiú Sparánacht na hAmharcealaíona an de chuid Cumann Ríoga Baile Átha Cliath (Iúil 2021).

Anne Wright

- Maoiniú faighte ón ÚAO le haghaidh trí champa ríomhaireachta a reáchtáil do dhaltáí meánscoile dar teideal ‘Ríomhaireacht agus Códú Cruthaitheach; Mná Óga sa Chódú; agus i bhForbairt na Cluichíochta’ (Bealtaine 2022).

[Le linn na bliana acadúla 2021/2022, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha, lena n-áirítear:](#)

- An Dr Ruth Alexandra Moran
- An Dr Linda King
- An Dr Tina Kinsella
- An Dr Olivia Hurley
- An Dr Sorcha O’Brien

6.4.3 Baill Foirne Dámh an Fiontair agus na nDaonnachtaí

An Dr Josephine Browne

- Ball d'Fhóram Réigiúnach na Scileanna Bhaile Átha Cliath.
- Ball de Bhord Gailearaí Crawford agus Cathaoirleach an Fhochoiste um Bheartas Ealaíne.
- Páirteach in Oifig Fiontair Áitiúil an DLR agus i gCeantar Gnó Áth an Ghainimh.
- Páirteach in Age Alliance (Comhghuailleacht na hAoise) DLR agus gComhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Ball den Choiste Stiúrtha um Phlean Forfheidhmithe Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath.
- Ball de Bhinse Araíonachta na nAturnaetha.

An Dr Sharon McGreevy

- An Páipéar 'Using Case Studies in Entrepreneurship Education to underpin Authentic Learning (Úsáid a bhaint Cás-Staidéir in Oideachas na Fiontraíochta chun tacú le Foghlaim na Fiontraíochta)', arna scríobh i gcomhar le Siobhan Gallagher agus Conor Heagney agus arna sheachadadh ag Comhdháil Oideachais Fiontraíochta an 3E ECSB ag Ollscoil Burgúine na Fraince (Bealtaine 2022).

An Dr Therese Moylan

- Iarracht rathúil ar mhaoiniú do thionscadal EDIFY (an Tumfhoghlaim don Fhiontraíocht agus don Ardoideachas) ar bronnadh deontas €1.4M air.
- Leas-Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Ghnóthais Bheaga agus an bhFiontraíocht.
- Ag freastal fós ar Bhord Ionad Fiontraíochta Pobail Cheathrú an Notaigh.
- Ag freastal fós ar Choiste um Mheasúnú ar Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Ag freastal fós ar Bhord Amharclann an Pavilion.
- Feidhmiú mar Chathaoirleach ar an bPainéal um Chlár-Athbheithniú ar Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath.
- Feidhmiú mar Scrúdaitheoir Seachtrach d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (modúl an Uaneen).

[Le linn na bliana acadúla 2021/2022, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i nDámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí lena n-áirítear:](#)

- An Dr Josephine Browne
- An Dr Therese Moylan
- An Dr Díóg O'Connell



7 Ráiteas Airgeadais

7.1 Ráiteas Airgead

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a ullmhú de réir FRS102 agus a fhaomhadh gan coinníoll an 12 Bealtaine 2022. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022.

7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2021/2022

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Lúna 2022

	2022 €000	2021 €000
Ioncam		
Deontas Stáit	11,980	12,702
Táille Teagaisc	9,090	9,510
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	1,737	1,727
Deontais agus Conarthaí Taighde	1,905	948
Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	319	422
Ioncam ó Ús	0	0
Cistiú Pinsin Iarchurtha	5,982	5,348
Ioncam Eile	1,053	866
	<u>32,066</u>	<u>31,523</u>
Caiteachas		
Costais Foirne	18,037	16,669
Costas Sochar Scoir	5,982	5,348
Costais Oibriúcháin Eile	6,409	5,458
Dímheas	1,737	1,727
	<u>32,165</u>	<u>29,202</u>
Barrachas Oibriúcháin	<u>(99)</u>	<u>2,321</u>
Cailteanas Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	0	1,762
Laghdú ar Dhliteanais Phinsin a d'éascair as Scoir i rith na Bliana	3,921	2,943
Athruithe ar Thoimhdí atá mar bhunús le Luach Reatha Scoir Oibleagáidí Sochair	28,474	(4,076)
Gnóthachain Achtúireacha sa bhliain	<u>(32,395)</u>	<u>529</u>
Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>(32,395)</u>	<u>(529)</u>
Ioncam Cuimsitheach Iomlán	<u>(99)</u>	<u>2,321</u>

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na cailteanais go léir a thuairiscítear don bhliain.

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 10/05/2023

Dáta: 10/05/2023

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2022

	Cuntas Caipitil €000	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000	Cúlchiste Ioncaim €000	Iomlán €000
An 1 Meán Fómhair 2020	<u>38,285</u>	<u>4,000</u>	<u>3,686</u>	<u>45,971</u>
Easnamh Oibriúcháin	0	0	2,321	2,321
Leithdháilte ón Deontas Athfillteach	337	0	0	337
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	0	0	0	0
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	750	0	0	750
Leithdháilte ó Ioncam Tion	5	0	0	5
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,727)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,727)</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(635)</u>	<u>0</u>	<u>2,321</u>	<u>1,686</u>
An 31 Lúnasa 2021	<u>37,650</u>	<u>4,000</u>	<u>6,007</u>	<u>47,657</u>
Barrachas oibriúcháin	0	0	(99)	(99)
Leithdháilte ón Deontas Athfillteach	423	0	0	423
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	525	0	0	525
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	1,400	0	0	1,400
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	60	0	0	60
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,737)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,737)</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>670</u>	<u>0</u>	<u>(99)</u>	<u>571</u>
An 31 Lúnasa 2022	<u>38,320</u>	<u>4,000</u>	<u>5,908</u>	<u>48,229</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 10/05/2023

Dáta: 10/05/2023

An Ráiteas ar an Staid Airegeadais Amhail an 31 Lúnasa 2022

	2022	2021
	€000	€000
Sócmhainní Seasta		
Maoin, Gléasra agus Trealamh	<u>38,321</u>	<u>37,650</u>
Sócmhainní Reatha		
Infháltais	868	292
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	<u>14,752</u>	<u>13,714</u>
	15,620	14,006
Nithe Iníoctha		
Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain Amháin	<u>(5,712)</u>	<u>(3,999)</u>
Glansócmhainní Reatha	<u>9,908</u>	<u>10,007</u>
Sochair Scoir		
Chomaoin um Shocair Scoir	(69,895)	(95,391)
Sócmhainn Maoinithe um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>69,895</u>	<u>95,391</u>
Glansócmhainní Iomlána	<u>48,229</u>	<u>47,657</u>
Arna Léiriú ag:		
Cuntas Caipitil	38,321	37,650
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	4,000	4,000
Cúlchiste Ioncaim	<u>5,908</u>	<u>6007</u>
	<u>48,229</u>	<u>47,657</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 10/05/2023

Dáta: 10/05/2023

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim Amhail an 31 Lúnasa 2022

	2022	2021
	€000	€000
Glansreabhadh Airgid Thirim Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin	(99)	2,321
Ioncam Úis	0	0
Dímheas	1,737	1,727
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	(1,737)	(1,727)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe	(576)	103
Laghdú/(Méadú) ar Chreidiúnaithe	<u>1,713</u>	<u>903</u>
Glansreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>1,038</u>	<u>3,327</u>
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Ús Faighte	<u>0</u>	<u>0</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Maoinithe		
locaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	<u>(2,408)</u>	<u>(1,092)</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Infheistithe		
Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	423	337
Deontais Chaipitil Stáit a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	525	0
Deontas Mionobreacha Stáit a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	1,400	750
Cistí Eile caite a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	<u>60</u>	<u>5</u>
Glan-Insreabhadh Airgid Ó Mhainiú	<u>2,408</u>	<u>1,092</u>
Glanmheadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	1,038	3,327
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Meán Fómhair	<u>13,714</u>	<u>10,387</u>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Lúnasa	<u>14,752</u>	<u>13,714</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Dáta: 10/05/2023

Dáta: 10/05/2023